- **Mí-úsáid Nós Imeachta Custaim 42,** i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh na díolúine ó CBL, agus i gcás nach n-íoctar aon CBL sa Bhallstát ina ndíoltar na hearraí leis an tomhaltóir deiridh.
- **Calaois CBL déanta ag daoine príobháideacha aonair trí úsáid a bhaint as cuideachtaí scagtha agus as cuideachtaí "muilinn páipéir", mar a thugtar orthu,** a eisíonn sonraisc le haghaidh oibríochtaí nach ann dóibh i ndáil le hearraí a tháirgtear i dtíortha nach de chuid an Aontais iad a thabhairt isteach san Aontas;
- **Calaois CBL lena mbaineann damáistí níos lú ná EUR 10 milliún,** a imscrúdaítear mar chionta a bhfuil dlúthbhaint acu le scéimeanna calaoise dleachta custaim, ós rud é gur minic a dhéantar an dá chineál iompair choiriúil trí na mheán na ngníomhartha céanna.

Déanann OIPE ruathar ar eagraíocht choiriúil a bhfuil a hoibríochtaí aici i Meiriceá Laidineach mar chuid d'imscrúdú ar chalaois CBL dar luach EUR 25 milliún[46]



I mí na Samhna 2023, ar iarratas ó OIPE i Maidrid (an Spáinn), rinneadh 13 chuardach agus gabhadh 24 dhuine mar chuid d'imscrúdú ar chalaois CBL dar luach EUR 25 milliún a bhain le trádáil trealaimh TF ag grúpa coireachta eagraithe a bhfuil a oibríochtaí aige chomh fada i gcéin le Meiriceá Laidineach.

De réir an imscrúdaithe, bhain na daoine atá faoi dhrochamhras úsáid as lúbra cuideachtaí atá bunaithe sa Spáinn, i mBallstáit eile agus i Meiriceá Laidineach chun éadálacha laistigh den chomhphobal a chur i dtreo phríomhchuideachta na n-amhrastach, arbh é an pointe dáileacháin. Bhain an scéim chalaoiseach leas as rialacha an Aontais maidir le hidirbhearta trasteorann idir a Bhallstáit – toisc go bhfuil siad sin díolmhaithe ó CBL – trí úsáid a bhaint as slabhra trádálaithe ar iarraidh a d'imeodh gan a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh. D'éiligh cuideachtaí eile sa slabhra calaoiseach aisíocaíochtaí míchuí CBL ó na húdaráis chánach náisiúnta ina dhiaidh sin.

Léiríonn an fhianaise freisin gur bhain na daoine atá faoi dhrochamhras úsáid as struchtúir agus as bearta slándála a bhaineann go sonrach le grúpaí coireachta eagraithe, lena n-áirítear feidhmchláir cumarsáide leictreonaí a úsáidtear chun cosc a chur ar bhrath na bpóilíní, agus gur chuir siad suimeanna móra de bhrabúis aindleathacha i dtreo éadálacha réadmhaoine.

Leantar den imscrúdú ar an gcás sin, agus tá siad siúd atá faoi dhrochamhras i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



CALAOIS IONCAIM NEAMH-CBL

Faoi dheireadh 2023, bhain thart ar **9 %** de na cionta a d'imscrúdaigh OIPE le **calaois ioncaim neamh-CBL – go háirithe calaois dleachtanna custaim agus frithdhumpála –** a dhéantar go príomha trí ráitis nó trí dhoiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair.

Bhain an cineál sin calaoise go háirithe le **smuigleáil agus trádáil** táirgí tobac, leictreonaice, rothar, earraí tionsclaíocha, páirteanna spártha nó earraí meatacha (e.g. taos trátaí), teicstílí, táirgí leighis (e.g. maisc agus gúnaí), cosmaidí, snáithínghloine, painéal gréine, próifílí alúmanaim a tháirgtear le haghaidh úsáidí tionsclaíocha, cruach, scriúnna, tíleanna ceirmeacha agus bithdhíosail.

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- **Dearbhuithe custaim míchearta agus sonraisc bhréagacha a chur isteach** chun dleachtanna custaim agus dleachtanna frithdhumpála a sheachaint, trí ghearrluacháil a dhéanamh ar na hearraí allmhairithe, tríd an táirgeoir mícheart a dhearbhú nó tríd an tír thionscnaimh mhícheart a dhearbhú;
- **Dearbhuithe allmhairiúcháin custaim bréagacha** maidir leis na hoibríochtaí cóimeála a dhéantar ar na hearraí allmhairithe (a cóimeáladh i dtír de chuid an Aontais nó i dtír nach de chuid an Aontais í ó chomhpháirteanna de thionscnamh na Síne, e.g. rothair), chun dleachtanna custaim a sheachaint;
- **Mí-úsáid Nós Imeachta Custaim 42,** i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an dearbhaithe custaim, agus/nó má luaitear inneachar an dearbhaithe custaim go mícheart (e.g. trí luach an idirbhirt a ghannluacháil).
- **Allmhairiú rothar leictreach,** a chóimeáltar faoi seach ó chomhpháirteanna rothar, a cuireadh faoi réir dleachtanna frithdhumpála trí dhearbhú bréagach maidir le tionscnamh na n-earraí.

Triúr ciontaithe as smuigléireacht allmhairithe gluaisteán sóchais agus as imghabháil cánach eagraithe[47]



An 22 Lúnasa 2023, chiontaigh Cúirt Réigiúnach Osnabrück 3 dhuine aonair agus 3 chuideachta as smuigleáil agus as imghabháil cánach a eagrú. Tháinig sé sin sna sála ar imscrúdú, ar a dtugtar an códainm "Cash", atá faoi stiúir OIPE in Hamburg (an Ghearmáin), agus atá á chur i gcírch ag Oifig Imscrúdaithe Custaim Hannover ó 2021 i leith.

Bhíothas in amhras go raibh an bheirt phríomhchosantóirí, arb as an nGearmáin dóibh araon, go raibh gluaisteáin sóchais á n-iompar acu ó thíortha nach de chuid an Aontais iad isteach san Aontas tar éis dóibh doiciméid bhrionnaithe a thaispeáint um imréiteach custaim. Dá bhrí sin, níor íocadh aon dleacht ar allmhairí ar na feithiclí sin. Léirigh imscrúduithe eile gur athraigh siad a *modus operandi* le linn 2021 agus go raibh na gluaisteáin sóchais a ceannaíodh á n-iompar acu go dtí an Ísiltír ar muir, san aer nó ar tír le tacaíocht ón tríú cosantóir.

Fuarthas duine de na príomhchosantóirí ciontach as smuigléireacht eagraithe ghairmiúil agus as smuigleáil tráchtála, agus gearradh pianbhreith choimeádta trí bliana agus sé mhí i bpríosún air.

Gearradh pianbhreith choimeádta ar fionraí bliana agus ceithre mhí ar an bpríomhchosantóir eile as smuigléireacht.

Gearradh téarma príosúnachta dhá bhliain príosúnachta ar an tríú cosantóir – náisiúnach Eastónach – as smuigleáil eagraithe ghairmiúil, agus as smuigleáil eagraithe ghairmiúil a éascú.

Rinneadh ní ba mhó ná EUR 1 milliún de na dleachtanna ar allmhairí a seachnaíodh a áirithiú trí choigistiú a dhéanamh ar cheithre ghluaisteán sóchais a urghabhadh cheana féin i mí na Nollag 2021, agus tríd an gcúiteamh airgeadais curtha ar fáil ag beirt de na cosantóirí go dtí seo.

Sa bhreithiúnas i gcoinne duine de na cosantóirí, eisíodh ordú coigistíochta de bheagnach EUR 2.3 milliún i gcoinne na cuideachta a bhí á bainistiú aige. Rinne Oifig Imscrúdaithe Custaim Hannover cuardach eile ansin ar áitreabh an chomhlachta go luath i mí Mheán Fómhair 2023, agus fuarthas carr spóirt dar luach EUR 300 000.

Níl an breithiúnas críochnaitheach go fóill toisc go bhfuil achomharc déanta ag dlíodóirí cosanta roinnt de na cosantóirí; tá siad i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



ÉILLIÚ

Bhain thart ar **3 %** de na cionta imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2023 le **héilliú gníomhach agus éighníomhach oifigeach poiblí** (oifigigh an Aontais agus oifigigh náisiúnta araon). Go háirithe, fuarthas go bhfuil **nósanna imeachta soláthair phoiblí** i mbaol gníomhaíocht éillitheach ag oifigigh phoiblí ina gcáil mar bhaill de phainéil mheastóireachta nó trí iarrachtaí aindleathacha tionchar a imirt ar chinnteoireacht i nósanna imeachta den sórt sin.

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- **Breabaireacht oifigeach poiblí** mar mhalairt ar dhámhachtain chistí an Aontais ar thionscadail shonracha nó ar thograí seirbhíse sonracha;
- **Breabaireacht oifigeach poiblí** mar mhalairt ar chostais bhreise neamh-incháilithe agus bhoilscithe a fhormheas le linn chéim chur i gcrích an tionscadail.

Rinne OIPE imscrúdú freisin ar bhreabaireacht oifigigh phoiblí mar chúiteamh ar thionchar a imirt ar imscrúdú leanúnach OIPE.

56 dhuine agus 2 chuideachta faoi dhíotáil as comhlachas coiriúil dírithe ar chalaois agus ar éilliú sistéamach maidir le maoiniú talmhaíochta[48]



I mí Dheireadh Fómhair 2023, dhíotáil OIPE in Palermo (an Iodáil) 56 dhuine aonair agus 2 chuideachta in imscrúdú ar chomhlachas coiriúil eagraithe, éilliú agus calaois a bhaineann le cistí talmhaíochta sa tSicil.

I mí an Mheithimh 2022, fuair Póilíní Airgeadais na hIodáile (Guardia di Finanza) in Palermo fianaise ar ghréasán de ghníomhaíochtaí coiriúla eagraithe a raibh oifigigh phoiblí ardleibhéil agus gairmithe tionscail páirteach ann. D'fhág sé sin go raibh amhras tromchúiseach ann gurbh ann do ghrúpa coireachta eagraithe a bheadh in ann cinntí a stiúradh chun go mbeadh cuideachtaí príobháideacha a bhí ag feidhmiú i dtimpeallacht Palermo in ann maoiniú talmhaíochta a fháil ó fhoinsí an Aontais agus ó fhoinsí náisiúnta araon i gcomhthéacs Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Mar chuid den imscrúdú, cuireadh 12 amhrastach faoi bhraighdeanas baile agus cuireadh d'oibleagáid ar 10 n-amhrastach sa bhreis teacht os comhair na bpóilíní breithiúnacha. Rinneadh airgead agus sócmhainní ar fiú thart ar EUR 2.5 milliún a urghabháil go coisctheach. Ó shin i leith, d'eascair torthaí ríthábhachtacha as an imscrúdú – rud a léiríonn gurb ann do chomhlachas coiriúil a bhfuil baint ag oifigeach poiblí agus baill d'oifig theicniúil in Marineo leis. Tuigtear go raibh tionchar míchuí ag an ngrúpa seo ar phróiseas cinnteoireachta na n-oifigeach poiblí ó Chigireacht Talmhaíochta Cúigeach (IPA) réigiún na Sicile, ag cinntiú gur bronnadh céatadán díréireach ard d'iarratais ar mhaoiniú dá gcliaint – rud a d'fhág gurbh ann do ghnóthachan suntasach airgeadais do bhaill an ghrúpa.

De réir an imscrúdaithe, bhí oifigigh phoiblí ó IPA, a bhí freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar incháilitheacht iarrataí ar chistiú, i bhfabhar go córasach oifigí teicniúla breise, lena n-áirítear oifigí agranamaíocha agus innealtóirí, le linn chéimeanna próiseála agus riaracháin na n-iarratas ar chistiú. Dealraíonn sé gur cothaíodh an méid sin trí chaidrimh sheanbhunaithe. Tugann na hábhair imscrúdaithe le fios go bhfuil os cionn 20 iarratas ar mhaoiniú bronnta go neamhdhleathach, mar aon le dhá chás d'éilliú líomhnaithe ina raibh baint ag oifigigh phoiblí agus ag fiontraithe príobháideacha. Ina theannta sin, maidir le raon cionta i gcoinne an oird phoiblí – amhail comhlachas coiriúil – agus i gcoinne an riaracháin phoiblí – lena n-áirítear mí-úsáid oifige, rúin oifigiúla a nochtadh, brionnú ábhartha nó idé-eolaíoch i ndoiciméid phoiblí, agus taifid phoiblí a chur faoi chois, a cheilt agus a scriosadh – líomhnaítear gurb iad oifigigh phoiblí IPA in Palermo agus baill eile den ghrúpa ina róil éagsúla déantóirí na gcoireanna. Le tacaíocht ó chinntí Chúirt Athbhreithnithe Palermo, ghlac breitheamh na réamhéisteachta in Termini Imerese leis na líomhaintí sin – rud a d'fhág go ndearnadh gach duine a raibh amhras fúthu go raibh siad rannpháirteach i gcumais éagsúla a dhíotáil i ranníocaíochtaí poiblí a fháil go haindleathach.

Leantar den imscrúdú ar an gcás sin, agus tá siad siúd atá faoi dhrochamhras i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



MÍLEITHREASÚ

Bhain thart ar **1.5 %** de na cionta a d'imscrúdaigh OIPE faoi dheireadh 2023 le míleithreasú.

Tarlaíonn míleithreasú má dhéanann oifigeach poiblí a bhfuil sé de chúram orthu cistí nó sócmhainní a bhainistiú iad a ghealladh, a íoc amach, a leithreasú nó a úsáid chun críche seachas an cuspóir a beartaíodh dóibh ar dtús, agus dá bhrí sin go ndéantar damáistí do leasanna airgeadais an Aontais.

Is minic a léirítear míleithreasú in atreorú chistí an Aontais ag daoine atá faoi dhrochamhras a chuireann doiciméid nó sonraisc bhréagacha a bhaineann le poist shamhailteacha nó éilimh ar aisíocaíocht mhíchuí (mar shampla, costais taistil bhréige) isteach, nó a aistríonn luach saothair oifigiúla an Aontais chuig daoine aonair nach bhfuil i dteideal iad a fháil. Baineann roinnt cásanna de mhíleithreasú le mí-úsáid cistí a bhronntar le haghaidh Cúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe.

Claonchasadh agus míleithreasú chistí an Aontais ag príomhoide scoile san Iodáil – lón agus ríomhairí scoile ceilte ar dhaltaí[49]



An 21 Aibreán 2023, chuir Carabinieri Palermo (an Iodáil) bearta sriantacha i gcrích maidir le braighdeanas baile i gcoinne triúr amhrastach bunaithe ar thorthaí imscrúdaithe ar chlaonchasadh agus ar éilliú faoi stiúir OIPE. Is oifigigh phoiblí iad beirt de na daoine atá faoi dhrochamhras – príomhoide scoile poiblí agus a hionadaí – a líomhnaítear ina leith go ndearna siad cistí an Aontais agus cistí náisiúnta araon a bhain le tionscadail scoile poiblí éagsúla i limistéar faoi mhíbhuntáiste sóisialta a chlaonchasadh.

De réir an imscrúdaithe leanúnaigh, d'fhalsaigh iad siúd a bhí faoi dhrochamhras líon na ndaltaí ar scoil chun údar a thabhairt le cláir scoláireachta maoinithe ag an Aontas a fháil do mhic léinn scoile poiblí. Níor cuireadh na tionscadail sin chun feidhme riamh, nó níor cuireadh chun feidhme ach go páirteach iad. Ina theannta sin, tuigtear gur stóráladh méideanna suntasacha de sholáthairtí bia agus de ghléasanna costasacha ríomhaireachta agus teicneolaíochta – a bhí ceaptha do na mic léinn – laistigh d'oifig an phríomhoide agus ansin go ndearna an príomhoide agus a hionadaí míleithreasú orthu. Go dtí seo, meastar gur fiú níos mó ná EUR 100 000 é méid na ndamáistí a rinneadh dá bharr sin.

Leantar den imscrúdú ar an gcás sin, agus tá siad siúd atá faoi dhrochamhras i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



SCIÚRADH AIRGID

Bhain thart ar **5 %** de na cionta a d'imscrúdaigh OIPE faoi dheireadh 2023 le **sciúradh airgid** arbh iad na cionta coiriúla thuasluaite ba chúis leo agus a bhfuil OIPE inniúil ar imscrúdú a dhéanamh orthu.

Is é sciúradh airgid an próiseas trína ndéantar fáltais ó choireacht a "ghlanadh" ionas go gcuirtear a mbunús neamhdhleathach i bhfolach. Úsáideann coirpigh córais airgeadais faoi thalamh chun idirbhearta agus íocaíochtaí a phróiseáil ar shiúl ó shásraí faireachais. **Is i gcásanna calaoise CBL is mó a fheictear sciúradh airgid in imscrúduithe leanúnacha OIPE.**

Féadfar é a dhéanamh freisin le maoin a fhaightear ó thearcluacháil dleachtanna custaim (calaois ioncaim neamh-CBL) nó ó chalaois fóirdheontas (talmhaíochta) (calaois caiteachais neamhsholáthair).

Féadfaidh daoine atá faoi dhrochamhras na suimeanna a fhaightear go míchuí a sciúradh trína n-aistriú chuig cuntais bhainc cuideachtaí a chruthaítear thar lear nó atá á bhainisitú ag baill teaghlaigh agus an t-airgead a aistarraingt in airgead tirim ina dhiaidh sin. Déantar sciúradh airgid freisin trí eastát réadach nó só-earraí a cheannach agus iad a athdhíol – rud a fhágann go mbíonn sé níos deacra na cistí a rianú, agus trí bhrabúis ó ghníomhaíochtaí coiriúla a athinfheistiú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha i margaí dleathacha nó aindleathacha (amhail gáinneáil ar dhrugaí).

Scéim ollmhór calaoise CBL agus sciúrtha airgid lena mbaineann caillteanais mheasta de EUR 2.2 billiún nochtaithe mar chuid den imscrúdú Admiral[50]




I mí na Nollag 2023, rinne OIPE in Porto (an Phortaingéil) díotáil a chomhdú i gcoinne 12 amhrastach agus 15 chuideachta i gcomhthéacs imscrúdú dar códainm "Admiral" ar scéim ollmhór calaoise CBL a bhí ar siúl i mbreis agus 30 tír.

Líomhnaítear gur bhain na cosantóirí úsáid as líonra cuideachtaí chun íocaíocht CBL a sheachaint agus iad i mbun gléasanna leictreonacha a thrádáil trí úsáid a bhaint as sonraisc chalaoiseacha agus dearbhuithe cánach calaoiseacha. Bhain an scéim chalaoiseach leas as rialacha an Aontais maidir le hidirbhearta trasteorann idir a Bhallstáit – toisc go bhfuil siad sin díolmhaithe ó CBL – trí úsáid a bhaint as slabhra trádálaithe nár chomhlíon a n-oibleagáidí cánach.

Cuirtear sciúradh airgid i leith na ndaoine atá faoi dhrochamhras freisin trí bhrabúis aindleathacha CBL a sheoladh chuig cuntais bhainc i dtíortha nach bhfuil san Aontas. De réir na fianaise, d'fhonn bunús coiriúil na mbrabús a cheilt, d'infheistigh na cosantóirí méideanna in eastát réadach agus i ndíolachán táirgí sóchais san Aontas, agus iad ag déanamh a saibhris a bhuí leis sin san am céanna. Tuigtear gur chabhraigh bainisteoir baincéireachta príobháideach leis an ngrúpa na rialacha i gcoinne sciúradh airgid a sheachaint.

Má chiontófar iad as, gearrfar suas le 25 bliana i bpríosún ar na cosantóirí. Is ionann iad na damáistí a mheastar a dhéanfar sa Phortaingéil amháin agus níos mó ná EUR 80 milliún. D'fhéadfadh na caillteanais mheasta don Aontas agus do na buiséid náisiúnta nochtaithe mar chuid den imscrúdú dar códainm Admiral a bheith ionann le EUR 2.2 billiún.

Leantar den imscrúdú ar an gcás sin, agus tá siad siúd atá faoi dhrochamhras i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



RANNPHÁIRTÍOCHT IN EAGRAÍOCHT CHOIRIÚIL

Bhain thart ar **5 %** de na cionta a d'imscrúdaigh OIPE faoi dheireadh 2023 le **rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil** a dhírigh a gníomhaíocht ar aon cheann de na cionta thuasluaite a dhéanamh. In imscrúduithe leanúnacha OIPE, **is minic a aimsítear rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil i dtaca le scéimeanna calaoise rothlacha CBL nó le calaois chustaim.** Mar sin féin, feidhmíonn eagraíochtaí coiriúla freisin i réimse na calaoise neamhsholáthair (mar shampla, calaois eagraithe ar chistí talmhaíochta) nó i réimse na calaoise soláthair (amhail rannpháirtíocht neamhdhleathach in iliomad nósanna imeachta soláthair ar mórscála).

Triúr coinnithe as calaois a bhain le taighde leighis agus TF, EUR 8.5 milliún urghafa[51]



I mí an Mheithimh 2023, choinnigh OIPE in Iași (an Rómáin) triúr agus d'urghabh sé EUR 8.5 milliún in imscrúdú ar eagraíocht choiriúil amhrasta a fuair na milliúin de chistí an Aontais le haghaidh taighde leighis agus TF.

Gabhadh ceann feadhna amhrasta an ghrúpa an 28 Meitheamh 2023, agus é ag iarraidh dul trí rialú pas ag Aerfort Idirnáisiúnta Bhúcairist chun dul ar eitilt go dtí an Aithin. Coinníodh beirt eile a bhí faoi dhrochamhras an lá céanna sin freisin. Chuir an chúirt faoi rialú breithiúnach iad agus cuireadh cosc orthu an tír a fhágáil agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe a bhí bainteach leis na himeachtaí. Cuireadh iallach orthu fosta a bheith i láthair ag stáisiún na bpóilíní go tréimhsiúil áit a raibh siad ina gcónaí.

Áirítear ar na coireanna atá faoi imscrúdú calaois chaiteachais, sciúradh airgid, eagraíocht choiriúil a bhunú agus brionnú doiciméad. Baineann an cás le dhá thionscadal a fuair suas le 70 % dá maoiniú ón Aontas chun trealamh leighis, trealamh TF agus ceadúnais bogearraí a cheannach. Ceann de na tionscadail sin, bhí sé dírithe ar roinn taighde a bhunú maidir le cóireáil galar néaraluaileach, agus ba é sprioc an tionscadail eile cláir nuálacha bogearraí a fhorbairt chun gáinneáil neamhdhleathach ar earraí a chomhrac. Is ionann luach iomlán na gconarthaí sin agus thart ar EUR 9 milliún.

De réir chonarthaí airgeadais AE na dtionscadal, bhí ar na tairbhithe a ranníocaíocht phríobháideach a íoc agus cruthúnas a chur ar fáil gur íocadh an méid sin – arbh ionann í agus 30 % de luach gach sonraisc a d'eisigh soláthróirí an trealaimh – le go mbeidís i dteideal íocaíocht an 70 % eile a fháil.

De réir an imscrúdaithe, áfach, d'ionsamhlaigh na daoine atá faoi dhrochamhras an nós imeachta chun na conarthaí éadála a bhronnadh le haghaidh an trealaimh ba ghá d'fhonn conarthaí soláthróra a bhronnadh ar chuideachta eile faoina stiúir nach raibh an acmhainneacht ná na hacmhainní aici chun é a cheannach. Ina theannta sin, tuigtear gur bhain na daoine atá faoi dhrochamhras úsáid as cuideachta eile atá faoina smacht chun sonraisc a thabhairt ar aird le praghsanna boilscithe go suntasach (thart ar thrí oiread an fhíorphraghais).


Táthar in amhras freisin gur bhrionnaigh baill an ghrúpa doiciméid chun a dheimhniú gur ceannaíodh an trealamh agus go raibh sé ag feidhmiú i gceart. I bhformhór na gcásanna, de réir dealraimh, ceannaíodh an trealamh ar dháta i bhfad ba dhéanaí tar éis do na daoine atá faoi dhrochamhras na híocaíochtaí a fháil go míchuí ó údarás bainistithe chistí an Aontais.

Líomhnaítear go ndearna na daoine atá faoi dhrochamhras, d'fhonn íocaíocht a ranníocaíochta príobháidí a dheimhniú, ciorcaid ionsamhlaithe íocaíochta a chur ar bun le haghaidh gach sonraisc, gur thaisc siad i gcuntais na dtairbhithe, gur aistrigh siad íocaíocht an trealaimh chuig cuntais an tsoláthróra faoina rialú, agus gur aistarraing siad in airgead tirim é ina dhiaidh sin chun a leasa féin. De réir na fianaise, baineadh úsáid as cuid de na brabúis aindleathacha ar ghníomhaíochtaí fóillíochta agus ar thaisteal idirnáisiúnta an imcheannaire amhrasta chuig roinnt Ballstát, chomh maith le cothabháil oll-luaimh.

Tuigtear go bhfuair an eagraíocht choiriúil amhrasta thart ar EUR 4 milliún de chistí an Aontais go calaoiseach.

Chun na damáistí do bhuiséad an Aontais a aisghabháil, gabhadh eastát réadach na ndaoine atá faoi dhrochamhras arbh fhiú é agus EUR 8.5 milliún. Leis an dlí, bunaítear i gcás gach duine atá faoi dhrochamhras nach mór na hurghabhálacha a chur i bhfeidhm suas go dtí an méid iomlán is dócha a dhéanfar de na damáistí a rinneadh.

Leantar den imscrúdú ar an gcás sin, agus tá siad siúd atá faoi dhrochamhras i dteideal thoimhde na neamhchiontachta.



CION ATÁ NASCTHA GO DLÚTH

Ba chionta coiriúla eile **a bhí nasctha go dlúth le cion CLA** iad thart ar **14 %** de na cionta a bhí á n-imscrúdú ag OIPE ag deireadh 2023.

Chun imscrúdú éifeachtúil a dhéanamh ar chionta a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais agus ar phrionsabal ***ne bis in idem***[52] d'fhéadfaí gur ghá, i gcásanna áirithe, an t-imscrúdú a leathnú chuig cionta eile faoin dlí náisiúnta – i gcás ina bhfuil na fíorais bhunúsacha mar an gcéanna go substaintiúil, mar shampla.

Is é **brionnú** an cion is coitianta atá nasctha go dlúth agus is iondúil go ngabhann sé le cionta calaoise caiteachais neamhsholáthair nó soláthair a dhéantar trí ráitis nó trí dhoiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair. Bíonn brionnú i gceist le cásanna calaoise ioncaim CBL agus neamh-CBL fosta. I gcásanna áirithe, déantar imscrúdú ar chalaois CBL a bhaineann le damáistí níos lú ná EUR 10 milliún mar chion atá nasctha go dlúth le calaois chustaim ós rud é gur minic a dhéantar an dá chineál iompair trí na gníomhartha céanna.

Úinéir gnó ciontaithe as calaois agus as brionnú fóirdheontais[53]



An 18 Iúil 2023, chiontaigh Cúirt Contae Shágraib (an Chróit) úinéir gnó as calaois fóirdheontais agus as an gcion atá nasctha go dlúth le brionnú doiciméad, tar éis díotáil ó OIPE. Gearradh téarma príosúnachta 11 mhí air mar mhalairt ar sheirbhís phobail agus fíneáil EUR 26 512. Ba thoradh ar mhargadh pléadála a bhí sa bhreithiúnas a tugadh, toisc gur phléadáil an cosantóir ciontach i ngach cúiseamh agus toisc gur íoc sé as na damáistí a rinneadh as siocair na cionta coiriúla a dhéanamh.

Idir mí an Mhárta 2015 agus mí na Samhna 2021, fuair saoránach de chuid na Cróite ar úinéir feirme teaghlaigh é deontais neamh-inaisíoctha ar mhórscála le haghaidh tionscadail talmhaíochta cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ag buiséad stáit Phoblacht na Cróite. Ina chuid iarratas, mhaígh sé go bréagach go raibh na hacmhainní airgeadais ba ghá aige chun na tionscadail bheartaithe a chur chun feidhme. Maille leis sin, mhaígh go ndearna sé íocaíochtaí le soláthraithe – rud nach raibh déanta aige, i ndáiríre. Dhearbhaigh sé go bréagach freisin nach raibh sé i bhfiacha ag buiséad stáit Phoblacht na Cróite.

Sheol úinéir an ghnóthais bhig trí iarratas san iomlán ar fhormheas agus ar íocaíocht tacaíochta neamh-inaisíoctha dá thionscadail ghnó. I gcás ceann de na hiarrataí, d'aistrigh an ghníomhaireacht a d'íoc EUR 221 873.84 chuig cuntas bainc a ghnólachta. Maidir leis an dá iarratas a bhí fágtha, níor íocadh na méideanna lenar bhain de bharr go bhfuair an ghníomhaireacht amach go raibh an té a bhí faoi dhrochamhras i bhfiacha ag buiséad stáit Phoblacht na Cróite.

I bhfócas: NextGenerationEU

Faoi dheireadh 2023, bhí 206 imscrúdú ghníomhacha ar bun ag OIPE a bhain le maoiniú NextGenerationEU, agus meastar go ndearnadh damáistí de níos mó ná EUR 1.8 billiún mar chuid díobh sin. Is ionann sin agus thart ar 15 % de chásanna uile na calaoise caiteachais ar láimhseáil OIPE iad le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ó thaobh na ndamáistí mheasta a rinneadh, is ionann iad agus beagnach 25 % de dhamáistí. Léiríonn sé sin go mbíonn calaoiseoirí ag díriú ar chistiú NextGenerationEU.



Bhain ár n-imscrúduithe le réimse tionscadal a maoiníodh faoin gclár NextGenerationEU: **iompar poiblí; bonneagar poiblí; an geilleagar glas agus an teicneolaíocht; tacaíocht d'iomaíochas cuideachtaí; nuálaíocht agus an claochlú digiteach; oiliúint agus forbairt; oideachas agus taighde; sláinte;** agus **riarachán poiblí.** Ina theannta sin, chuireamar tús le himscrúduithe ar chionta a bhaineann le cláir shonracha, amhail an **"bónas deisiúcháin"** agus an **"bónas fuinnimh"** a ceapadh chun tacú le saoránaigh roghanna atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanamh.

Ba iad úsáid ráiteas nó doiciméad a bhí bréagach, mícheart nó neamhiomlán, nó neamhnochtadh faisnéise de shárú ar oibleagáidí sonracha, na huirlisí ba choitianta i bhfad a úsáideadh chun bob a bhualadh ar údaráis phoiblí. Ba é príomhchuspóir na n-iarratasóirí **easpa critéir fhíor-riachtanacha nó bhuntáisteacha a cheilt** amhail faisnéis maidir le staideanna eacnamaíocha, dlíthiúla agus fíorasacha chun maoiniú a fháil nó gan cásanna coinbhleachta leasa nó cásanna cistiúcháin dhúbailte a chuirfeadh cosc ar an maoiniú a fhógairt. Bhain na cionta ionstraimeacha ba choitianta a cláraíodh i gcásanna OIPE le **brionnú doiciméad** nó le **ráitis bhréagacha a thaispeáint d'údarás poiblí**. Bhí baint freisin ag cionta amhail **camastaíl tairiscintí** nó **calaois i nósanna imeachta soláthair phoiblí** in imscrúduithe ar chalaois caiteachais soláthair.

I roinnt cásanna, bhain an chalaois le cistí a tugadh do thairbhithe mar íocaíocht tosaigh chun déileáil le costais na céime tosaigh de thionscadal ar leith. Go deimhin, ba **chuideachtaí bréige** nó **oibreoirí eacnamaíocha samhailteacha** na tairbhithe. Níor cuireadh na tionscadail i gcrích go héifeachtach agus aistríodh na cistí chuig cuntais bhainc thar lear láithreach, agus ceann scríbe deiridh acu i dtíortha nach bhfuil san Aontas. I gcásanna den sórt sin ar an mórgóir, thionscain OIPE imscrúduithe ar **sciúradh airgid** chomh maith.

Tá imscrúduithe tionscanta ag OIPE freisin maidir le héagóir a d'fhéadfadh oifigigh phoiblí a dhéanamh, lena n-áirítear **cionta a bhaineann le héilliú**. Is cásanna iad sin ina bhfuiltear in amhras gur ghníomhaigh oifigigh phoiblí go neamhdhleathach i bhfabhar tairbhithe príobháideacha nó i gcásanna **coinbhleachta leasa**, agus ina gcláraítear cion na mí-úsáide d'údarás oifigiúil nó de chumhacht oifigiúil. Rinne OIPE imscrúdú ar an **mbreabaireacht** freisin mar chion ríthábhachtach maidir le conarthaí agus tionscadail a dhámhachtain ar ábhair shonracha ó thaobh soláthair agus calaois neamhsholáthair araon.

In 2023, níor dhearna OIPE ach grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht chalaoiseach sin a shainaithint. Tá a *modus operandi* soiléir cheana féin, cé gur casta atá sé. Bíonn líonraí coiriúla **i mbun** lear mór **cuideachtaí bréige** agus **oibreoirí eacnamaíocha samhailteacha**, earcaíonn siad daoine caocha agus **cumasóirí gairmiúla**, agus **ullmhaíonn** siad an **páipéarachas dlíthiúil** agus **cuntasaíochta** lena thaispeáint, agus déanann siad na **ráitis bhréagacha** agus na **doiciméid bhrionnaithe** a dhearadh go cúramach. Déantar an ghníomhaíocht i roinnt críoch, agus is cosúil go mbíonn an chuma ar na hoibreoirí eacnamaíocha go mbíonn siad gníomhach in earnálacha fíoréagsúla agus nach mbíonn aon bhaint acu le chéile chun a cheilt gur camscéim eagraithe ar mhórscála amháin atá ar bun acu seachas bearta calaoise ar mhionscála nach mbíonn aon bhaint acu le chéile. Mar sin féin, léirigh ár n-imscrúduithe go mbíonn **lárionad oibríochtúil amháin** ann de ghnáth ina ndéantar an chalaois a chomhordú agus ina n-ullmhaítear na doiciméid, agus go gcuireann na saineolaithe, na cuntasóirí agus na cumasóirí gairmiúla eile céanna a gcuid seirbhísí ar fáil do na hábhair uile lena mbaineann.



Eagraítear an chamscéim ar leibhéal níos airde ag daoine aonair nach cosúil go bhfuil aon ról acu sa chalaois shonrach ach a ghníomhaíonn sa chúlra. Tá dlúthbhaint acu le **grúpaí coiriúla eagraithe tromchúiseacha** arb iad tairbhithe éifeachtacha na ngnóthachan a fhaightear ar dhrochbhealaí iad.



In 2023, ba iad na **húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí** na príomhfhoinsí braite agus tuairiscithe do OIPE sa réimse sin. Ba láidre a gcumas **calaois** a bhrath sa réimse seo nuair a ghlac siad cur chuige anailíseach réamhghníomhach.

Chuir **páirtithe príobháideacha** a gcion féin leis fosta – ní nach ionadh i bhfianaise glacadh forleathan i measc an phobail le cistiú faoin gclár NextGenerationEU.

Is fíorbheag an tuairisciú **ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais**.

Fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil a aisghabháil

In 2023, rinneadh **475 ghníomhaíocht téarnaimh** in **19** mBallstáit rannpháirteacha (an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn). San iomlán, **d'iarr OIPE ní ba mhó ná EUR 1.53 billiún** a **urghabháil**, agus **ceadaíodh urghabháil arbh fhiú EUR 1.5 billiún de sin**.

Is ionann sin agus 22 oiread bhuiséad OIPE in 2023.

D'ordaigh na cúirteanna coigistiú deiridh os cionn EUR 60 milliún i gcásanna atá réitithe go cinntitheach.


Bhí an urghabháil aonair ab airde ní ba mhó ná EUR 9.9 milliún in ionstraimí airgeadaíochta. In 8 gcás, aisghabhadh ní ba mhó ná EUR 7.5 milliún san iomlán ag an gcéim réamhthrialach. Iarradh coigistiú leathnaithe in 22 chás chun srian a chur ar shócmhainní a ndearna na hamhrastaigh roinnt beart cosanta ina leith chun coigistiú a sheachaint. Bhain OIPE úsáid fhorleathan as coigistiú luachbhunaithe chun aisghabháil a chumasú. Rinne OIPE roinnt iarratas ar choigistiú freisin (41) agus é mar aidhm aige gníomhaíochtaí sibhialta a d'fhéadfadh a bheith ann a áirithiú.




Ba iad na príomhshócmhainní a urghabhadh cuntais bhainc agus ina dhiaidh sin réadmhaoin, feithiclí, airgead tirim chomh maith le scaireanna, criptea-airgeadraí, barraí óir agus airgid, pictiúir agus earraí sóchais. Rinneadh marsantas coiriúil – amhail gléasanna leictreonacha, innealra, trealamh, táirgí éadaí, earraí tí, bréagáin nó comhpháirteanna rothair leictreonaigh – a urghabháil agus a bhaint den mhargadh, rud lenar ceileadh go héifeachtach tairbhe a ngníomhaíochtaí aindleathacha ar na coirpigh.















GNÍOMHAÍOCHT AN CHOLÁISTE

Gníomhaíocht an Choláiste

Tá Coláiste OIPE freagrach as maoirseacht ghinearálta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí OIPE agus as cinntí a dhéanamh ar ábhair straitéiseacha agus ar shaincheisteanna ginearálta a eascraíonn as cásanna aonair – go príomha chun comhleanúnachas, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht a áirithiú i mbeartas ionchúisimh OIPE ar fud na mBallstát rannpháirteach.



Le linn 2023, tháinig an Coláiste le chéile 22 uair agus ghlac sé 73 chinneadh[54].

Sa tréimhse sin, ghlac an Coláiste a Straitéis Frithchalaoise 2023-2025[55], an beartas frithchiaptha do bhaill foirne[56] agus do Chomhaltaí an Choláiste nó d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha[57], agus chomhaontaigh sé socruithe oibre le Struchtúr Speisialta Phoblacht na hAlbáine in aghaidh an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe, Lárionad Náisiúnta Phoblacht na Moldóive in aghaidh an Éillithe, Biúró Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe, Aireacht Dlí agus Cirt Ríocht na Danmhairge (Ballstát de chuid an Aontais nach bhfuil rannpháirteach in OIPE) agus Oifig Ionchúisitheora na Boisnia agus na Heirseagaivéine[58].

Thug an Coláiste socrú oibre i gcrích freisin lena mbunaítear na modhanna comhair idir OIPE agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA); an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA); Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA); Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA); an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA); agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)[59].

Tá socruithe oibre tugtha i gcrích ag an gColáiste freisin lena mbunaítear comhar maidir le gníomhaíochtaí oiliúna faoi raon feidhme a rialacháin bhunaidh lena n-áirítear comhar leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN), leis an Guardia di Finanza agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)[60].

A bhuí lena taithí oibríochtúil, leasaigh an Coláiste cinntí a bhí déanta aige roimhe sin maidir leis an méid seo a leanas: rialacha airgeadais leasaithe OIPE a glacadh in 2021 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme Airteagal 31 de Rialachán OIPE a bhaineann le himscrúduithe trasteorann i gcomhréir le Cinneadh C (2023) 1143 final ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2023[61]; rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag OIPE[62]; agus Coinníollacha Fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (CEEDP)[63].

Chomh maith leis sin, ó thaobh oibríochtaí de, ghlac an Coláiste an sreabhadh oibre maidir le cásanna OIPE a osclaíodh ag Eurojust, lena mbaineann Ballstáit neamh-rannpháirteacha agus/nó tíortha nach bhfuil san Aontas araon, ar iarratas ón Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach atá á ionramháil[64], agus do bheartas nua maidir le páirtithe príobháideacha[65].

Ina cáil mar údarás ceapacháin, cheap an Coláiste Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach nua (DECP)[66] agus rinne sí tréimhse shainordaithe an DECP eile a athnuachan[67]. Cheap sí freisin Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha sa Bhulgáir, sa Chróit, sa tSeicia, san Eastóin, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Iodáil, sa Liotuáin, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa Spáinn[68] agus Bord Stiúrtha Digiteach OIPE[69].

Ghlac an Coláiste freisin Dréachtbhuiséad 2024[70], an Dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair don tréimhse 2024-2026[71], Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2022 OIPE ar Ghníomhaíochtaí (CAAR)[72] agus Doiciméid Chlársceidealaithe Aonair OIPE le haghaidh na dtréimhsí 2022-2024[73] agus 2023-2025[74].





4

GNÍOMHAÍOCHT NA nDLÍSHEOMRAÍ BUANA



Gníomhaíocht na nDlísheomraí Buana

Déanann na Dlísheomraí Buana faireachán agus stiúradh ar na himscrúduithe agus ar na hionchúisimh a dhéanann na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, cinntíonn siad comhordú na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh i gcásanna trasteorann agus, trí na cinntí glactha ag an gColáiste a chur chun feidhme, áirithíonn siad comhleanúnachas, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht i mbeartas ionchúisimh OIPE ar fud na mBallstát rannpháirteach.

Déantar cásanna a leithdháileadh go randamach ar na Dlísheomraí Buana díreach tar éis dóibh clárú. Tá gach ceann de na 15 Dhlísheomra Bhuana comhdhéanta de chathaoirleach agus beirt Ionchúisitheoirí Eorpacha eile ar comhaltaí buana iad.

Ina theannta sin, glacann an tIonchúisitheoir Eorpach a dhéanann maoirseacht ar imscrúdú nó ar ionchúiseamh i gcás aonair páirt i bplé agus i gcinnteoireacht an Dlí-Sheomra Bhuain sa chás aonair sin.

Bíonn gach Dlísheomra Buan ag brath ar thacaíocht dhlíthiúil agus riaracháin, chun a chinntiú go ndéantar faireachán ceart agus críochnúil ar gach ceann de na himscrúduithe.

In 2023, thionóil na Dlísheomraí Buana 481 chruinniú.

LÍON AGUS CINEÁL NA GCINNTÍ Ó DHLÍSHEOMRAÍ BUANA

CLÁRÚ AGUS FÍORÚ

Cinntí lena dtugtar treoir don nós imeachta um easnamh iomarcach inniúlacht OIPE a fheidhmiú	Cásanna easghairme	14
	Cásanna tionscnaimh	37
Cinntí maidir le himscrúdú a athoscailt		1

IMSCRÚDUITHE

Treoracha do EDPanna		39
Cinntí maidir leis an athbhreithniú ar bhearta cúnaimh		0
Cinntí chun cásanna a chumasc a bhaineann le dlínse níos mó ná Ballstát amháin		7
Cinntí chun cásanna a scoilteadh a bhaineann le dlínse níos mó ná Ballstát amháin		4
Cinntí chun ath-leithdháileadh do EDP eile	Sa Bhallstát céanna	11
	I mBallstát eile	4
Iarratais formheasta ar bhearta imscrúdaitheacha thar a bheith costasach		2

CÁSANNA A THABHAIRT I GCRÍCH

LÍON NA gCINNTÍ FOIRCEANTA


Cinntí chun ionchúiseamh a dhéanamh os comhair cúirte náisiúnta		135[75]
Cinntí chun nós imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm		51[76]
Cinntí chun cás a dhiúltú		206[77]
Cinntí chun cás a tharchur	De réir Airteagal 34(1)[78] de Rialachán OIPE	67[79]
	De réir Airteagal 34(2)[80] de Rialachán OIPE	4
	De réir Airteagal 34(3)[81] de Rialachán OIPE	89
Líon na gcásanna nár ghlac údarás náisiúnta leis an gcás (Airt. 34(5) Rialachán OIPE)		2


IMEACHTAÍ CÚIRTE

Cinntí chun an t-achomharc a thaisceadh nó a choinneáil	7
Cinntí gan achomharc a thaisceadh	27
Cinntí chun an t-achomharc a tharraingt siar	4

CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTÚLA

Cinntí ar iarratas ó EP/ó EPanna an t-imscrúdú a sheoladh go pearsanta	3
Cinntí chun athdháileadh chuig EDP eile sa Bhallstát céanna i gcás coinbhleachta leasa	2
Líon na gcásanna athdháilte chuig Dlísheomra Buan eile	136


545
476
434
435








184


All EDP
Forum



GNÍOMHAÍOCHT NA nIONCHÚISITHEOIRÍ TARMLIGTHE EORPACHA




Gníomhaíocht na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha

Is iad na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha túslíne OIPE agus iad ag obair ar an leibhéal díláraithe in 22 Bhallstát éagsúla de chuid an Aontais. Is é an phríomhfhreagracht atá orthu coireanna a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais – lena n-áirítear cinntí tráthúla a dhéanamh atá ceart ó thaobh an dlí de, an oibleagáid tuairiscithe do na Dlísheomraí Buana a chomhlíonadh agus comhoibriú le hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha eile i gcásanna trasteorann. Ina theannta sin, tá siad freagrach as teagmhálacha agus comhar a bhunú le gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí, le gníomhaireachtaí rialaithe agus le comhpháirtithe ábhartha eile, agus as obair OIPE a chur chun cinn agus a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta.

Tá oifigí na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha lonnaithe in 42 chathair sna 22 Bhallstát rannpháirteacha. De ghnáth, tá údarás ag na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i gcríoch iomlán a mBallstáit faoi seach. Agus imscrúduithe ar bun acu de réir na rialacha náisiúnta maidir le nós imeachta coiriúil, oibríonn siad ar shlí atá go hiomlán neamhspleách ar a n-údaráis náisiúnta.

An 31 Nollaig 2023, bhí **140 Ionchúisitheoirí Tharmligthe Eorpacha** i bhfostaíocht ghníomhach. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ceapadh 35 Ionchúisitheoir Tharmligthe Eorpacha, d'éirigh triúr as oifig agus chuir an Coláiste cúigear as a bpost chun dul ar scor nó chun dul i mbun poist nua – lena n-áirítear beirt tráth a gceapachán faoi seach chuig post an Ionchúisitheora Eorpaigh.






COMHLACHAS NA NIONCHÚISITHEOIRÍ TARMLIGTHE EORPACHA

Chun comhar níos fearr a éascú idir an Lároifig agus leibhéal díláraithe OIPE sna Ballstáit rannpháirteacha, bunaíodh Comhlachas na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i mí na Nollag 2022.

In 2023, cláraíodh an comhlachas go foirmiúil. Le linn na bliana, bhí cruinnithe rialta aici leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus leis na Leas-Phríomh-Ionchúisitheoirí Eorpacha, cruinniú amháin le Coláiste OIPE agus is minic a rinne sé idirchaidreamh leis an aonad acmhainní daonna. Cheap sí bord nua freisin tar éis thabhairt chun críche shainordú an bhoird shealadaigh a cuireadh ar bun nuair a bunaíodh an comhlachas. Thairis sin, cruthaíodh dhá choimisiún bhuana – coimisiún amháin a bhí dírithe ar dhálaí oibre agus an ceann eile ar ghnóthaí dlíthiúla – d'fhonn tograí réasúnaithe a chur ar fáil a d'fhéadfadh rannchuidiú le comhtháthú foriomlán OIPE a fheabhsú.



Líon na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (Gníomhach)

OILIÚINT AGUS CEARDLANNA

In 2023, lean OIPE de na hiarrachtaí chun forbairt ghairmiúil agus meon muintearais na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a oibríonn in 22 Bhallstát éagsúla a neartú.

Eagraíodh cúig cheardlann sa Lároifig ar ábhair éagsúla:

- **Imscrúduithe a bhaineann le foireann an Aontais agus le hoifigigh thofa de chuid an Aontais atá faoi chosaint díolúintí agus pribhléidí;**
- **Comhar leis na Dlísheomraí Buana;**
- **Calaois ioncaim neamh-CBL agus ról OIPE maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chalaois chustaim agus ar thípeolaíochtaí cionta coiriúla gaolmhara eile;**
- **Aisghabháil sócmhainní, le dearcadh fabhraithe i gcoinne sciúradh airgid;**
- **"Fóram uile-EDP".**













Ag an ócáid dheireanach sin, a tionóladh i mí na Nollag, bailíodh na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha gníomhacha uile le haghaidh forléargas ar a bhfuil bainte amach ag an mbliain agus i gcomhair plé ar na dúshláin agus na pleananna a bheidh ann amach anseo do 2024. D'éascaigh na ceardlanna go léir comhar ar chásanna trasteorann freisin bunaithe ar mheicníocht chasta Airteagal 31 de Rialachán OIPE.

Chomh maith leis na ceardlanna, rinne cuibhreannas Acadamh an Dlí Eorpaigh agus an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach (ERA-EJTN) 15 chúrsa oiliúna gairmiúla a eagrú, a chomhordú agus a sheachadadh lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:

- **inghlacthacht fianaise a bhailítear i gcásanna OIPE;**
- **maoiniú ón Aontas;**
- **cuntasaíocht fhóiréinseach;**
- **imscrúduithe airgeadais;**
- **OIPE agus tíortha de chuid an Aontais iad;**
- **téarmaíocht dhlíthiúil an Bhéarla;**
- **uirlisí anailíseacha.**




6


OIBRÍOCHTAÍ AGUS TACAÍOCHT CHOLÁISTE

Oibríochtaí agus Tacaíocht Choláiste

Cuireann an tAonad um Oibríochtaí agus um Thacaíocht Choláiste réimse seirbhísí dlí, imscrúdaitheacha agus riaracháin ar fáil a chothaíonn gníomhaíocht oibríochtúil OIPE agus lena ndéantar giaráil ar a sheasamh sonrach chun breisluach ar leith a chur ar fáil i dtaobh imscrúduithe.

Is iad seo a leanas príomhréimsí gníomhaíochta an aonaid: tacú le próiseas cinnteoireachta na Lároifige i gcúrsaí oibríochtúla; faisnéis a phróiseáil maidir le cionta féideartha a thagann faoi inniúlacht OIPE; saineolas imscrúdaitheach a chur ar fáil do chásanna leanúnacha; agus seirbhísí tacaíochta a fhorbairt don ghníomhaíocht oibríochtúil. In 2023, chuaigh an t-aonad faoi phróiseas atheagrúcháin chun a struchtúr a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha foriomlána OIPE chun a áirithiú go ndíreofar agus go ndéanfar acmhainní a leithdháileadh go cuí ar na réimsí ábhartha gníomhaíochta.









CLÁRLANN AGUS GEALLSEALBHÓIRÍ OIBRÍOCHTÚLA

Tá rannóg na Clárlainne agus na nGeallsealbhóirí Oibríochtúla freagrach as próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile a thuairiscítear do OIPE de bhun Airteagal 24 de Rialachán OIPE, as beartas an pháirtí phríobháidigh a chur chun feidhme agus as comhordú a dhéanamh ar an gcomhar le comhpháirtithe OIPE ar an leibhéal oibríochtúil, lena n-áirítear an sásra 'amas a fháil/gan amas a fháil'.

In 2023, phróiseáil sé **1 562 thuairisc choire ó údaráis náisiúnta** mar aon le **108 dtuairisc choire ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais (IBOAnna)**. Áirítear ar fhoinsí na dtuarascálacha na Ballstáit rannpháirteacha uile mar aon le cúig IBOA[82].

Phróiseáil an Lároifig **2 194 thuarascáil ó pháirtithe príobháideacha** freisin agus measadh go follasach gur lasmuigh d'inniúlacht OIPE a bhí 1 770 díobh sin. Cuireadh tuairim is 300 tuarascáil bhreise faoi bhráid na n-oifigí díláraithe sna Ballstáit agus measadh go follasach freisin go raibh siad lasmuigh d'inniúlacht OIPE. Is ón gCróit (433), ón mBeilg (221), ón nGearmáin (199), ón mBulgáir (179) agus ón Rómáin (156) a tháinig an líon ba mhó tuarascálacha a sheol páirtithe príobháideacha i mBallstáit rannpháirteacha chuig an Lároifig agus tháinig 132 thuarascáil ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha agus ó 279 dtuarascáil ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach[83].

Déantar tuairisciú faisnéise ag údaráis náisiúnta agus ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais trí nasc atá díreach agus slán – EPPOBox – bainistithe ag OIPE, siúd is go bhfuil rochtain ag páirtithe príobháideacha ar uirlis tuairiscithe ar shuíomh gréasáin OIPE. Tá OIPE ina úsáideoir freisin den Fheidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) a ndéanann Europol a bhainisitiú.

In 2023, seoladh treoirthionscadal lena dtugtar rochtain ar chuid **d'uirlisí digiteacha** OIPE do Chúntóirí Náisiúnta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (NEDPAnna) – rud lena n-éascaítear malartú faisnéise agus lena méadaítear cáilíocht na sonraí atá ar fáil i gCóras Bainistithe Cásanna OIPE. D'éirigh go maith leis an tionscadal seo ag a raibh réamhthorthaí fíordhearfacha – mar sin cinneadh go gcuirfear sineadh leis go dtí líon níos mó de NEDPAnna in 2024.

TACAÍOCHT DLÍ OIBRÍOCHTÚIL

Tá an Rannóg um Thacaíocht Dlí Oibríochtúil freagrach as tacaíocht dhlíthiúil oibríochtúil a chur ar fáil don Lároifig – eadhon an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na Dlísheomraí Buana agus na hIonchúisitheoirí Eorpacha. Áirítear leis sin anailís dlí agus comhairle a bhaineann le cásanna, le nósanna imeachta oibríochtúla a shainiú agus a chur chun feidhme, le faireachán a dhéanamh ar chomhsheasmhacht an chleachtais inmheánaigh agus le hidirghníomhaíochtaí laistigh den Lároifig agus leis na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a éascú.

In 2023, thacaigh an rannóg leis na Dlísheomraí Buana faireachán a dhéanamh ar **1 927 imscrúdú ghníomhacha** agus lena stiúradh agus d'eagraigh sí **481 chruinniú de na Dlísheomraí Buana.** Chuir foireann thiomnaithe saineolaithe ar an gcóras dlí náisiúnta tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do na hIonchúisitheoirí Eorpacha, d'fheidhmigh siad mar **phointí teagmhála** do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus chuir sí comhairle dlí ar fáil maidir le hábhair a bhaineann leis an dlí náisiúnta.

Chuir an earnáil sin freisin leis an **malartú faisnéise** le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go bhféadfaí bearta iomchuí a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir an earnáil sin príomhsheirbhísí dlíthiúla agus oibríochtúla ar fáil lena n-áirítear bunachar sonraí cásdlí OIPE a chruthú agus a reáchtáil, faisnéis rialta a scaipeadh faoi fhorbairtí nua i gcásdlí agus i litríocht dhlíthiúil, chomh maith le bunachair sonraí taighde dlí a bhainistiú.

TACAÍOCHT IMSCRÚDUITHE AGUS ANAILÍSE

Cuireann an earnáil Tacaíochta Imscrúduithe agus Anailíse tacaíocht shainfhiosach agus anailíseach ar fáil d'imscrúduithe trí mheán anailísithe cáis agus imscrúdaitheoirí airgeadais a fheidhmíonn mar Oifigigh Tacaíochta Cásanna de réir struchtúr a fhreagraíonn do na cineálacha calaoise is forleithne.

Le bunú foirne speisialaithe tiomnaithe atá dírithe ar na cineálacha calaoise is suntasaí (calaois CBL, calaois chustaim agus calaois chaiteachais agus éillithe), cuireadh ar chumas na hearnála sin a hacmhainneacht a neartú go suntasach agus a tacaíocht a mhionchoigeartú, go háirithe maidir le cásanna ina bhféadfaí breisluach suntasach a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéantar ar leibhéal na Lároifige. Go háirithe, chuidigh na hiarrachtaí sin le **modheolaíochtaí nuálacha** a fhorbairt tuilleadh chun naisc a bhrath idir imscrúduithe a dhéantar i mBallstáit éagsúla agus ar an gcaoi sin cuidiú le **comhordú a dhéanamh** ar ghníomhaithe oibríochtúla éagsúla lena mbaineann, agus ar deireadh thiar, chun cásanna a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtaí.

Ina theannta sin, thosaigh an earnáil seo amach ar dhoiciméadú a dhéanamh ar **dhea-chleachtais** maidir le cur chuige imscrúdaitheach i ndáil le gach réimse coireachta ábhartha agus patrúin agus treochtaí ábhartha á n-aithint san am céanna.

Thairis sin, d'éirigh leis an earnáil **saineolas nua** a mhealladh, d'éascaigh sí rochtain ar bhunachair sonraí oibríochtúla, d'fheidhmigh sí uirlisí nua chun tacú le gníomhaíochtaí *in situ* agus leathnaigh sí raon feidhme na tacaíochta d'imscrúduithe OIPE ar an iomlán. Tá tús curtha aige freisin le tacaíocht dhírithe a chumasú nó a chur ar fáil i réimsí an-speisialaithe lena n-áirítear san anailís fhóiréinseach.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA OIBRÍOCHTÚLA

Tá an rannóg um Sheirbhísí Tacaíochta Oibríochtúla freagrach as riachtanais oibríochtúla OIPE a shainaithint agus bíonn sí rannpháirteach i ngach tionscadal arb é is aidhm dóibh na huirlisí agus na timpeallachtaí imscrúdaitheacha digiteacha is gá a fhorbairt chun éifeachtacht a imscrúduithe agus a ionchúisimh a neartú.

Déanann an rannóg seo bainistiú freisin ar na seirbhísí teanga a bhaineann go sonrach le hobair comhlachta ionchúisitheora fhornáisiúnta, comhordaíonn sí eagrú cruinnithe oibríochtúla agus bainistíonn sí ionduchtú agus oiliúint do bhaill foirne oibríochtúla. Eagraíodh 25 chruinniú oibríochtúla in 2023 chomh maith leis na ceardlanna a luaitear i gCuid 5.



PRÓISEÁIL FAISNÉISE TUAIRISCITHE

ÚDARÁIS NÁISIÚNTA AGUS IBOAnna

In 2023, phróiseáil OIPE **1 562 thuairisc choire ó údaráis náisiúnta** agus **108 dtuairisc choire** ó IBOAnna. Áirítear gach ceann de na 22 Bhallstát rannpháirteacha agus na cúig IBOA ar fhoinsí na dtuarascálacha.

Déantar faisnéis a thuairisciú trí **EPPOBox** agus trí SIENA le haghaidh cumarsáid shlán le Europol.

Lean OIPE de bheith ag obair go dlúth le húdaráis náisiúnta na mBallstát i bhforbairt an líonra tuairiscithe agus in ainmniú na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 117 de Rialachán OIPE. Faoi dheireadh 2023, leathnaigh líonra tuairiscithe OIPE go dtí **699 n-úsáideoir EPPOBox** – arb ionann é agus 161 níos mó ná an líon a bhí ann anuraidh. Áirítear leis sin 16 de na húdaráis ainmnithe ó na Ballstáit a bhfuil nasc díreach acu leis an Lároifig i Lucsamburg. Bunaíodh naisc dhíreacha freisin le príomh-chomhpháirtithe OIPE ar leibhéal an Aontais lena n-áirítear Europol, Eurojust, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), an Coimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Ceannais Eorpach.

PÁIRTITHE PRÍOBHÁIDEACHA AGUS EINTITIS DHLÍTHIÚLA

Fuarthas **2 744 aighneacht san iomlán ó pháirtithe príobháideacha agus eintitis dhlíthiúla** ag leibhéil lárnacha agus dhíláraithe OIPE araon in 2023. Is ionann sin agus 52 aighneacht in aghaidh na seachtaine ar an meán.

Díobh sin, fuarthas **250 (9 %) tuarascáil agus ceist atriallacha** ón bpobal ag an Lároifig a bhain go príomha le stádas imscrúduithe nó le himeachtaí agus a próiseáladh in éineacht leis an Ionchúisitheoir Eorpach comhfhreagrach agus na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a bhí ina mbun.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, fuair Lároifig OIPE **132 thuarascáil** ó na **cúig Bhallstát neamh-rannpháirteacha de chuid an Aontais** – an Danmhairg (5), an Ungáir (58), Éire (7), an Pholainn (53), an tSualainn (9) – agus **279 dtuarascáil** ó **thíortha nach bhfuil san Aontas** lena n-áirítear an Airméin (7), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (7), an Rúis (8), an tSeirbia (7), an Eilvéis (17), an Tuirc (7), an Ríocht Aontaithe (16), an Úcráin (7) agus SAM (132).

De na 2 744 aighneacht ón bpáirtí príobháideach agus ón eintiteas dlíthiúil a fuarthas, **bhain 424 díobh (15 %) le hinniúlacht OIPE**. Fíoraíodh gach ceann de na tuarascálacha sin mar chás clárúcháin nua nó phróiseáil an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach iad faoi chás clárúcháin nó imscrúdaitheach OIPE a bhí ann cheana.

Meastar **2 070 (75 %) tuarascáil ó pháirtithe príobháideacha agus ó eintitis dhlíthiúla** a bheith go follasach lasmuigh d'inniúlacht OIPE. **Chuir OIPE 380 (14 %) tuarascáil** ar aghaidh chuig na húdaráis náisiúnta inniúla i gcás nach raibh baint ag na tuarascálacha le sainordú OIPE ach **a d'fhéadfadh a bheith ina gcoir** de réir a n-inniúlachta. **Chuir sé 58 (2.1 %) tuarascáil** ó pháirtithe príobháideacha faoi bhráid OLAF le haghaidh a bpróiseála.


Protecting EU
taxpayers' money
from criminals















TF, SLÁNDÁLA AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

TF, Slándála agus Seirbhísí Corparáideacha

In 2023, lean aonad TF, Slándála agus Seirbhísí Corparáideacha OIPE dá dhá mhórchlár a bhí ar siúl cheana féin a chur chun feidhme: an **Clár Uathrialachta TF**, chun catalóg iomlán de sheirbhísí TF riaracháin a chur ar fáil a bhainistítear go hiomlán go hinmheánach agus de **Chlár an Chórais Bainistithe Cásanna (CMS)**, chun digitiú na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh ina croíréimse gnó.

CLÁR NEAMHSPLEÁCHAIS TF

In 2023, lean OIPE de bheith ag ullmhú chun aistriú de réir a chéile ó ionad oibre digiteach curtha ar fáil ag Ard-Stiúrthóireacht Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) an Choimisiúin Eorpaigh chuig réiteach atá faoi úinéireacht agus á fheidhmiú ag OIPE. Áiríodh na hacmhainní ba ghá chun an t-athrú tábhachtach agus riachtanach sin a chur chun feidhme san iarraidh ar bhuiséad OIPE le haghaidh 2024.



CLÁR CMS

Ba é **cuspóir Chlár CMS** don bhliain 2023 **uirlisí digiteacha OIPE a fhorbairt tuilleadh** chun tacú ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil le hoibríochtaí ionchúisimh agus béim ar leith á leagan ar athléimneacht, ar infhaighteacht agus ar inoiriúnaitheacht a chomhpháirteanna a fheabhsú agus a thabhairt chun aibíochta le haghaidh riachtanais ghnó athraitheacha na heagraíochta.

Le linn na chéad ráithe, thug an Coláiste tús áite don ghá práinneach a bhí le huirlisí anailíseacha breise chun go bhféadfaí obair imscrúdaithe éifeachtúil a dhéanamh ar chásanna suntasacha OIPE. Rinneadh cumais nua chun tacú le cásanna leanúnacha a imscaradh agus a leabú sna próisis anailíseacha. Cé go bhfuil an chéad tacar d'uirlisí teoranta i gcónaí, bhíothas in ann feabhas a chur ar an eolas inmheánach agus treochlár a fhorbairt maidir le riachtanais ghnó le haghaidh fóiréinsic dhigiteach fhadtéarmach agus córais anailíseacha.

Na tionscadail éagsúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht le Ballstáit an Aontais agus le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an Aontais, tionscadail ar díríodh orthu ar dtús chun cur chun feidhme píolótach a chur i gcrích, ní fhéadfaí iad a imscaradh mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar easpa buiséid agus acmhainní.

Forbraíodh tacaíocht ní b'éifeachtúla d'oibríochtaí ionchúisimh trí threoirthionscadal, a leathnófar in 2024, chun Cúntóirí Náisiúnta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (NEDPAnna) a nascadh le CMS OIPE. Déantar sin d'fhonn ualach na gcúraimí riaracháin a bhaint de na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, agus d'fhonn bonn a chruthú le haghaidh tuilleadh cruinnis sonraí cásanna idir na córais náisiúnta bainistithe cásanna agus CMS OIPE.

Tugadh uirlisí tacaíochta eile isteach le haghaidh comhar maidir le comhaid cháis agus sonraí cásoibre, nó forbraíodh gnéithe nua d'uirlisí seanbhunaithe, agus comhtháthaíodh leis an ríomhaistriúchán uathoibríoch nó le comhpháirteanna sínithe digiteacha iad.

Ó thaobh na teicneolaíochta de, rinneadh mór-uasghrádú bogearraí ar ardán bunúsach lárnach CMS agus cuireadh rialuithe slándála breise chun feidhme ar bhonn leanúnach chun ardleibhéal slándála córas agus sonraí a choinneáil ar bun.

SLÁNDÁIL

In 2023, dhírigh OIPE ar a rialachas slándála a fheabhsú. Maidir le **slándáil na gcóras digiteach** a úsáidtear chun sonraí oibríochtúla agus riaracháin a láimhseáil, d'ullmhaigh OIPE creat lena n-áirítear próisis, róil agus freagrachtaí nua agus beartais nua ina ndéantar doiciméadú ar na rialuithe slándála is gá.

Ina theannta sin, rinneadh roinnt measúnuithe riosca chun creat slándála na gcóras digiteach a úsáideann OIPE chun sonraí riaracháin a láimhseáil a mheas. Thacaigh siad le bearta teicniúla agus le rialachais breise a chur chun feidhme chun timpeallacht slándála OIPE a fheabhsú.

Ó thaobh na **cibearshlándála** de, rinneadh "cleachtadh foirne deirge" le tacaíocht ó CERT-EU – an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí uile an Aontais – arb é is aidhm dó na próisis freagartha do theagmhais slándála a thástáil. Leis an gcleachtadh sin cuireadh ar chumas OIPE réimsí feabhsúcháin a shainaithint, próisis atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus feasacht úsáideoirí a chothabháil.

Ar an gcuma chéanna, ó thaobh na **feasachta slándála** de, reáchtáladh cuid mhaith seisiún faisnéise agus cibearshlándála do phearsanra OIPE in 2023 chun a áirithiú go mbeifí feasach ar na bagairtí ba dhéanaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhaisnéis nó ar chórais OIPE.



Maidir le **comhordú agus for-rochtain slándála**, rinne OIPE pointí teagmhála slándála a chur ar bun sna Ballstáit rannpháirteacha uile in 2023. Is é is aidhm dó sin comhar feabhsaithe a éascú maidir le cúrsaí slándála, baill foirne agus oifigí OIPE atá lonnaithe sna Ballstáit sin.

Ina theannta sin, lean OIPE de pháirt a ghlacadh i **bhfoghrúpa cibearshlándála** an Choiste Idirinstitiúidigh um Chlaochlú Digiteach (ICDT) agus d'ullmhaigh sé le haghaidh Rialachán nua an Aontais maidir leis an gCibearshlándáil 2023/2841 a glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

I gcomhthéacs na **slándála fisiciúla agus pearsanra**, rinne OIPE, i gcomhar le stát óstach na Lár-Oifige, Lucsamburg, roinnt nuashonruithe chun slándáil agus chun sábháilteacht a áitribh a fheabhsú agus táthar ag súil le nuashonruithe comhchosúla in 2024. Comhlánaíodh an méid sin le hoiliúint speisialaithe d'fhoireann OIPE chun ullmhacht a mhéadú ó thaobh freagairt do chásanna práinneacha.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Chun a áirithiú go gcuirfear misean OIPE i gcrích, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí i dtéarmaí seirbhísí corparáideacha in 2023:



- Rinneadh conradh le cuideachta nua bainistithe foirgneamh i gcomhar leis an stát óstach chun tacú le cur i gcrích ghníomhaíochtaí OIPE sa Lároifig;
- Tar éis oibreacha athchóirithe ar thug an stát óstach fúthu, chuir OIPE faoi ar dhá urlár bhreise ina áitreabh reatha a bhí le feistithe troscán nua, le trealamh TF agus le saoráidí eile;



- Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise ghnó agus slándála dá áitreabh, in 2023 thionscain OIPE agus an stát óstach tionscadal ar a dtugtar "Phase IV" lena mbeartaítear na hurláir eile a athchóiriú chomh maith le feabhas a chur ar bhearta slándála ag Lároifig OIPE;
- Shínigh OIPE Comhaontú nua ar Leibhéal Seirbhíse le Parlaimint na hEorpa maidir le seirbhísí tointeála bus idir Lucsamburg agus an Bhruiséil;



- Leanadh de sheirbhísí a chuirtear ar fáil ó lá go lá agus a bhaineann le bainistiú foirgneamh, le bainistiú oifige, le bainistiú poist, le seirbhísí glantacháin agus le seirbhísí lónadóireachta a sholáthar go leanúnach i rith na bliana – rud a chuir ar chumas OIPE a ghníomhaíochtaí oibríochtúla a chur i gcrích agus a shainordú a chomhlíonadh.



ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT FOIRNE

Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne

CUIMSÍODH AN MÉID SEO A LEANAS LE hIMSCARADH

Forbairt ar fheidhm acmhainní daonna/Creat chun tarraingteacht mar fhostóir a chothú

Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon na mball foirne i Lároifig OIPE in 2022 agus ba bhliain de chobhsaíocht eagraíochtúil agus d'aibíocht mhéadaithe a bhí in 2023. Leis an gcomhthéacs sin, tugadh an deis dúshraith chreat bainistithe caipitil dhaonna OIPE a threisiú agus ar an dóigh sin aistríodh a fhócas ó earcaíocht agus ó fhás eagraíochtúil go plean straitéiseach réamhbhreathnaitheach.

Rinneadh an treochlár maidir le hacmhainní daonna don am atá le teacht a shainiú ó thaobh na bpríomhthosaíochtaí seo a leanas:

- bainistiú feidhmíochta;
- bainistiú tallainne;
- forbairt gairme;
- comhlíonadh agus feabhsú próiseas acmhainní daonna lena n-áirítear tús a chur leis an sainmhíniú ar mhisean, ar fhís agus ar luachanna OIPE.

Creat comhlíontachta acmhainní daonna a chomhdhlúthú

Lean OIPE dá chreat comhlíontachta a threisiú trí oibleagáidí reachtúla a ghlacadh agus a chur chun feidhme de réir mar a bhunaítear i Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh agus sna Rialacha Ginearálta Cur Chun Feidhme a bhaineann leo, cuir i gcás, i réimse dálaí oibre hibridí. Bhíothas tar éis 61 Riail Cur Chun Feidhme a ghlacadh san iomlán faoi dheireadh 2023.

Rinneadh iarrachtaí freisin maidir le cearta, oibleagáidí, conarthaí fostaíochta agus bainistiú gearán agus achomhairc a riar in Airteagal 90. Cuireadh feidhm threisithe monatóireachta feidhmíochta seirbhíse acmhainní daonna ar bun trí chláir thiomnaithe eochairtháscairí feidhmíochta acmhainní daonna a fheabhsú agus a fhorbairt.

I gcomhréir le **Clár Oibre Bliantúil OIPE 2023**, thug OIPE **réamhaisnéis, pleanáil agus athbhreithniú córasach** a riachtanais **Acmhainní Daonna** – rud a d'fhág gur neartaíodh a lucht saothair agus a phleanáil straitéiseach mar chuid de na cleachtaí aonair clársceidealaithe agus buiséadaithe.

STRAITÉIS 2023 UM ACMHAINNÍ DAONNA:

Rannpháirtíocht agus coinneáil sárthallainne ag an bPríomh-Oifig



Threisigh OIPE a cumas nósanna imeachta earcaíochta tráthúla agus trédhearcacha a thabhairt i gcrích i gcomhréir lena phlean bunaíochta. Chuir sé 24 nós imeachta roghnúcháin i gcrích in 2023, tugadh 45 bhall foirne reachtúla isteach agus chuaigh 8 nIonchúisitheoir Eorpacha nua isteach i gColáiste OIPE.

Tugadh i gcrích go héifeachtúil an cleachtadh bainistithe feidhmíochta (socrú cuspóirí agus breithmheas le haghaidh 105 bhall foirne mar aon le 91 mheasúnú tréimhse promhaidh) agus an nós imeachta athaicmithe (rinneadh 26 bhall foirne a athaicmiú).

Seoladh clár oiliúna den chéad uair in 2023 agus mar thoradh air sin, tugadh isteach oiliúnaithe OIPE sa tSeirbhís Dlí (2 oiliúnaí in aghaidh an tseimeastair as líon iomlán de 4 oiliúnaithe i rith na bliana).

Cláraíodh ráta áitíochta foriomlán de 90.63 % agus ráta láimhdeachais de 5.9 % i gcás gníomhairí sealadacha agus gníomhairí ar conradh.

Soláthar seirbhísí acmhainní daonna d'oifigí díláraithe a mhéadú




Le linn na bliana, cuireadh tacaíocht mhéadaithe ar fáil ó thaobh acmhainní daonna de do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus maidir lena gcoinníollacha fostaíochta.

Bunaíodh feidhm thiomnaithe tacaíochta gnó acmhainní daonna agus é mar aidhm aici sin borradh a chur faoi cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an leibhéal lárnach agus díláraithe araon i dtaobh acmhainní daonna.

Ar an iomlán, ceapadh 35 Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpacha nua in 2023.


MÉADRACHT MAIDIR LE GAIRM BHEATHA

(LENA N-ÁIRÍTEAR 8 bPOST ATÁ LÍONADH FAOI DHEIREADH NA BLIANA):



ÉAGSÚLACHT NA FOIRNE

BAILL FOIRNE REACHTÚLA (LÁROIFIG) DE RÉIR INSCNE AGUS NÁISIÚNTACHTA



Líon foirne OIPE

0.43 %	1	
9.48 %	22	
3.45 %	8	
1.72 %	4	
1.72 %	4	
6.47 %	15	
0.86 %	2	
11.64 %	27	
6.04 %	14	
1.29 %	3	
5.17 %	12	
1.72 %	4	
3.02 %	7	
1.72 %	4	
14.66 %	34	
2.59 %	6	
0.43 %	1	
1.29 %	3	
1.29 %	3	
1.29 %	3	
2.16 %	5	
3.45 %	8	
13.79 %	32	
2.16 %	5	
2.16 %	5	

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Le linn na tréimhse tuairiscithe **seoladh straitéis OIPE um Fhoghlaim agus Forbairt** chun cultúr na **foghlama leanúnaí** a chur chun cinn agus chun ardán a éascú le haghaidh **measúnú leanúnach** ar riachtanais foghlama athraitheacha na foirne agus chun oiriúnú dóibh sin. Leanadh **d'oiliúint** a chur ar fáil i réimsí na sábháilteachta agus na slándála, an chóid dea-iompraíochta riaracháin OIPE, na mbearta frithchalaoise, na bprionsabal eitice agus an ionracais agus na cosanta faisnéise íogaire, i measc ábhair eile, i rith na bliana. Eagraíodh cláir oiliúna shonracha freisin lenar áiríodh oiliúint maidir leis na meáin d'Ionchúisitheoirí Eorpacha, oiliúint "Press and Impress" d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus oiliúint Prótacail agus Taidhleoireachta don fhoireann.

Rinneadh anailís ar riachtanais foghlama phíolótacha freisin bunaithe ar anailís ar **chuspóirí forbartha aonair** agus ar **éilimh oibríochtúla** shainaitheanta. Ag an am céanna, agus mar chuid de chlár forbartha ceannaireachta níos leithne a leathfar amach anseo, rinneadh clár cóitseála **"na gceannairí aonair"** a phíolótú.

In 2023, chláraigh an tseirbhís um Fhoghlaim agus Forbairt léiriú spéise iomlán le haghaidh cúrsaí oiliúna i ndáil le **1 756 chlár ar cuireadh san iomlán 1 058 díobh sin i gcrích go héifeachtach** agus arbh ionann iad agus comhordú **9 132 uair an chloig** nó **1 143 lá oiliúna** (le haghaidh cúrsaí inmheánacha agus seachtracha).

COISTE FOIRNE



Ba í 2023 an **chéad bhliain iomlán** d'oibríochtaí an **Choiste Foirne** lena gcuimsítear gníomhaíochtaí amhail glacadh deiridh a Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha, seoladh an chéad Lá Oscailte de chuid an Choiste Foirne, a chéad chruinniú foirmiúil leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus seoladh an chéad Suirbhé Foirne uile-OIPE chun díriú níos fearr ar thosaíochtaí foirne.

I rith na bliana, d'ainmnigh an Coiste Foirne baill foirne chun páirt a ghlacadh i 24 nós imeachta roghnúcháin, d'aontaigh sé stádas faireacháin do Choiste Foirne na nGníomhaireachtaí (AACS), rinne sé athbhreithniú cúlghabhálach ar na Forálacha Ginearálta Cur Chun Feidhme uile a ghlac OIPE roimh bhunú an Choiste Foirne agus thug sé chun críche é, chuir sé ionchur ar fáil maidir le hatheagrú inmheánach agus ghlac sé páirt ghníomhach ann ó thaobh ábhair eagraíochtúla éagsúla de.

Agus ionadaíocht á déanamh aige ar leasanna, ar chearta agus ar oibleagáidí fhoireann OIPE, chuir an Coiste Foirne ionchur ar fáil maidir le ham oibre agus forálacha oibre hibridí, ceapacháin foirne, rialacha cur chun feidhme agus feabhas a chur ar dhálaí oibre. Chuir sé seisiúin faisnéise ar fáil freisin don fhoireann maidir le hábhair shonracha leasa ghinearálta.




ACMHAINNÍ AIRGEADAIS AGUS A mBAINISTIÚ

Acmhainní airgeadais agus a mbainistiú

Maoinítear buiséad OIPE as Buiséad Ginearálta an Aontais Eorpaigh i bhfoirm fóirdheontais. In 2023, bhí **EUR 66 milliún** buiséadaithe ar deireadh chun misean OIPE a chur i gcrích, i gcomparáid le **EUR 51.2 million** in 2022 (+29 %). Ba iad na príomhspreagthóirí san éabhlóid seo ó thaobh buiséid de **dinimic láidir i gcostais foirne** mar gheall ar dhul chun cinn i dtreo áitíocht iomlán phoist reachtúla foirne na Príomh-Oifige agus poist do Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht. Imscaradh líon ní ba mhó d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i gcomparáid le 2022 agus leanadh de chomhdhlúthú agus d'fhorbairtí breise éiceachóras an Chórais Bainistithe Cásanna (CMS). Faoi dheireadh na bliana, bhí **99.6 %** den bhuiséad 2023 geallta agus bhíothas tar éis **85.3 %** de a íoc. Tugadh anonn go 2024 **14.3 %** de leithreasuithe íocaíochta 2023.

MIONDEALÚ AR BHUISÉAD AIRGEADAIS OIPE 2023



SOLÁTHAR

In 2023, shínigh OIPE 234 chonradh shonracha faoi chreatchonarthaí a bhí ann cheana dar luach ní ba mhó ná EUR 11 milliún san iomlán agus tháinig méadú suntasach ar úsáid chreatchonarthaí OIPE (82 chonradh shonracha ar luach ní ba mhó ná EUR 6.5 milliún). Is amhlaidh atá sé, den chuid is mó, mar gheall ar úsáid mhéadaitheach chreatchonradh OIPE maidir le soláthar seirbhísí i réimse na gcóras faisnéise.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

De bhun rialacháin airgeadais OIPE, is í an tSeirbhís um Iniúchadh Inmheánach (IAS) iniúchóir inmheánach OIPE le haghaidh ábhair neamhoibríochtúla. Chun cur leis an obair a rinne IAS, bhunaigh an Coláiste a Chumas Iniúchóireachta Inmheánaí (IAC) chun cabhrú le OIPE a chuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach agus smachtaithe a thabhairt isteach chun éifeachtacht na bpróiseas rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe a mheas agus a fheabhsú. I gcomhréir lena chairt mhisin agus lena Phlean Straitéiseach um Iniúchadh Inmheánach rioscabhunaithe le haghaidh na tréimhse 2022–2024, thionscain IAS athbhreithniú teoranta ar bhunchlocha dearbhaithe in OIPE in 2023. Tá sé beartaithe an rannpháirtíocht sin a thabhairt chun críche i gcaitheamh 2024. Lean IAC dá iarrachtaí chun an timpeallacht formhaoirseachta inmheánaí ag OIPE a threisiú.

RIALÚ INMHEÁNACH

An 2 Meitheamh 2023, mar chuid dá dhualgais mar Oifigeach Údarúcháin OIPE, rinne an Stiúrthóir Riaracháin na híoschaighdeáin ba ghá a bhunú go foirmiúil chun a dhearbhú a thabhairt maidir le forghníomhú chritéir mheasúnaithe bhuiséad OIPE le haghaidh gach ceann de na 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh a bhunaítear le Creat Rialaithe Inmheánaigh (ICF) OIPE. Bhailigh an tOifigeach Rialaithe Inmheánaigh fianaise ábhartha (e.g. beartais, nósanna imeachta agus taifid) agus rinne sé athbhreithniú mionsonraithe chun a chinneadh cibé an raibh na critéir mheasúnaithe á n-urramú (réamh-mheasúnú ar chur chun feidhme ICF an 31 Lúnasa 2023). I gcás na ndiallas a sainaithníodh, d'oibrigh an tOifigeach Rialaithe Inmheánaigh i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí lenar bhain d'fhonn na príomhchúiseanna ba bhun leo a shainaithint agus rinne sé moltaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh.



TRÉDHEARCACHT AGUS CAIDREAMH LEIS AN bPOBAL I gCOITINNE AGUS LEIS AN bPREAS

Trédhearcacht agus caidreamh leis an bpobal i gcoitinne agus leis an bpreas

In 2023, fuair OIPE líon iomlán de **18 n-iarratas tosaigh** a cláraíodh mar **iarratais ar rochtain phoiblí**[84]. Thug OIPE freagra ar dheich gcinn díobh agus i gcás iarraidh amháin, bhí an freagra fós ar feitheamh ag deireadh na bliana. Níor taisceadh aon iarratas daingniúcháin in 2023.

Ina fhreagraí, bhronn OIPE rochtain iomlán ar cheithre cinn de na hiarratais. Ní fhéadfaí rochtain ar bith a bhronnadh faoi rialacha OIPE sna 14 chás eile. I 9 gcás, dhiúltaigh OIPE rochtain a thabhairt ar dhoiciméid bunaithe ar an gcúis nach gcumhdaítear faisnéis oibríochtúil ó cháschomhaid leis an gceart chun rochtain a fháil faoi Airteagal 109(1) de Rialachán OIPE, agus, dá bhrí sin, leis na rialacha is infheidhme de chuid OIPE. I gcás amháin, diúltaíodh rochtain ar an gcúis chéanna go páirteach agus ar chúiseanna eile freisin toisc go ndeachthas i bhfeidhm dá bharr ar leasanna cosanta éagsúla faoi rialacha rochtana poiblí OIPE (príobháideacht agus ionracas daoine aonair, cuspóir imscrúduithe OIPE agus próiseas cinnteoireachta OIPE). I gcás amháin, dhiúltaigh OIPE rochtain a thabhairt ar mhaithe le leasanna tráchtála daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chosaint.



In 2023, thug breis agus **225 000 duine** cuairt ar shuíomh gréasáin OIPE agus bhí **394 dhoiciméad** ar fáil go poiblí ar an suíomh faoin 31 Nollaig 2023.

Tá an suíomh gréasáin corparáideach nuachóirithe

www.eppo.europa.eu

chun feabhas a chur ar eispéireas úsáideoirí na gcuairteoirí uile agus chun an pobal i gcoitinne chomh maith le cleachtóirí dlí, an lucht acadúil agus baill foirne nua a d'fhéadfadh a bheith ann a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi ghníomhaíochtaí agus faoi éachtaí OIPE. Anuas air sin, tá **aistriúchán uathoibríoch** go **gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais** ar fáil anois ar fud an tsuímh gréasáin. Cruthaíodh ábhar tarraingteach sa **rannán um Ceisteanna Coitianta**, mar aon le rannán maidir le comhar idirnáisiúnta. Tá roinnt **foirmeacha teagmhála** ar fáil ar an suíomh gréasáin chun coir a thuairisciú, chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid a iarraidh, chun fiosrú a dhéanamh faoi fholúntas, chun cuairt staidéir a eagrú nó chun teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann preasa.

Tá rath oibríochtúil OIPE á mhéadú a bhuíochas de níos mó laethanta gníomhaíochta, díotálacha agus ciontuithe – rud a d'fhág gur foilsíodh **184 nuashonrúchán leis an nuacht ba dhéanaí** ar an suíomh gréasáin in 2023. Tá OIPE fós an-ghníomhach ar a chuntais oifigiúla ar X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo), ar LinkedIn agus ar Facebook, agus **50 000 leantóir** aige san iomlán – líon atá de shíor ag fás – nuair a chuirtear le chéile iad go léir.





GNÍOMHAÍOCHT NA SEIRBHÍSE DLÍ

Gníomhaíocht na Seirbhíse Dlí

Tá ról cothrománach ag an tSeirbhís Dlí laistigh de OIPE agus cuireann sí comhairle agus tacaíocht dlí ar fáil don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, don Choláiste, do na hIonchúisitheoirí Eorpacha agus don Stiúrthóir Riaracháin maidir le léirmhíniú an chreata dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais lena rialaítear gníomhaíochtaí OIPE.

Le linn 2023, lean an tSeirbhís Dlí de thacaíocht a thabhairt don Choláiste maidir le rialacha agus treoirlínte a ghlacadh agus ó thaobh cúrsaí oibríochtúla, rialachais agus riaracháin de. Ba i bhfoirm comhairle dlí a bhí an tacaíocht sin maidir le príomhghnéithe a bhaineann le hoibriú agus le feidhmiú OIPE. Tugadh an chomhairle sin ó bhéal nó i scríbhinn i bhfoirm tuairimí.

Chuir an tSeirbhís Dlí **saineolas ábhartha ar fáil freisin chun socruithe oibre le húdaráis ó thíortha nach bhfuil san Aontas, ó Bhallstáit agus ó IBOAnna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích**.

Arna iarraidh sin, thug an tSeirbhís Dlí comhairle shonrach dlí maidir le cúrsaí oibríochtúla do chomhaltaí ar leibhéil lárnacha agus dhíláraithe OIPE lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, maidir le cur i bhfeidhm chreat dlíthiúil OIPE in imscrúduithe sonracha, maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir OIPE agus údaráis ó thíortha nach de chuid an Aontais iad agus ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha, agus maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 31 de Rialachán OIPE.

In 2023, ghníomhaigh comhaltaí na Seirbhíse Dlí mar ghníomhairí thar ceann OIPE i gCásanna C-281/22[85] agus C-292/2023[86] os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus i gCásanna T-442/22[87], T-676/22[88], T-46/23[89], T-103/23[90], T-385/23[91] os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. I ngach ceann de na cásanna sin, rinne comhaltaí na Seirbhíse Dlí faoi seach doiciméid nós imeachta a fhorbairt agus a chur isteach i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta ab infheidhme (e.g. barúlacha i scríbhinn, aighneachtaí cosanta, pléadálacha neamh-inghlacthachta) agus rinne siad gach beart ba ghá chun leasanna OIPE a chosaint. Thairis sin, phléadáil comhaltaí na Seirbhíse Dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta faoi seach sna héisteachtaí ó bhéal a tionóladh i gCásanna C-281/22[92] agus T-442/22.



In 2023, lean an tSeirbhís Dlí de roinnt uirlisí agus bunachar sonraí a fhorbairt agus a riar ar inlíon OIPE, arbh é ab aidhm dóibh tacú le gníomhaíochtaí ar leibhéil lárnacha agus dhíláraithe OIPE araon. Áirítear orthu sin mol ina bhfuil treoir phraiticiúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir OIPE agus údaráis ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha, **"Leabharlann"** ar líne OIPE agus bunachar sonraí **"Faireachán ar an gCásdlí"** OIPE – an dá chinn dheireanacha acu sin i gcomhar leis an Aonad um Oibríochtaí agus um Thacaíocht Choláiste. Rinne an tSeirbhís Dlí eagarthóireacht ar na foilseacháin seo a leanas freisin: **"Monthly CJEU Monitor" [Monatóir míosúil CBAE], "EPPO Legal Framework Handbook 2023" [Lámhleabhar Chreat Dlíthiúil OIPE 2023]** agus **"Case Law Digest" [Iris choimriúcháin an Chásdlí]** (i gcomhar leis an Aonad um Oibríochtaí agus um Thacaíocht Choláiste).

Reáchtáil an tSeirbhís Dlí seisiúin oiliúna agus roinnt cur i láthair maidir le príomhábhair a bhaineann le feidhmiú agus creat dlíthiúil OIPE a bhí dírithe ar Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus ar fhoireann OIPE agus ar gheallsealbhóirí seachtracha lena n-áirítear ón saol acadúil, ó údaráis náisiúnta, IBOnna, oiliúnaithe, etc.




COSAINT SONRAÍ

Cosaint sonraí

Leis an méadú ar líon na gcásanna agus na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích, tháinig méadú suntasach ar líon na sonraí pearsanta oibríochtúla ar phróiseáil OIPE iad le linn 2023. Is amhlaidh atá sé a mhéid a bhaineann le líon na sonraí pearsanta riaracháin a phróiseáiltear – rud a eascraíonn as méadú ar líon foirne OIPE.

Tar éis chuairt oibríochtúil 2022 a thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i mí Aibreáin 2023, rinne MECS a **chéad iniúchadh** ar OIPE inar díríodh ar an timpeallacht thiomnaithe phróiseála chun anailís a dhéanamh ar shonraí pearsanta oibríochtúla le haghaidh anailísithe cásanna. Díríodh freisin mar chuid den iniúchadh ar chur chun feidhme iarrataí rochtana ar shonraí pearsanta oibríochtúla ab ábhar do na sonraí.





I mí Dheireadh Fómhair, chuir OIPE fáilte roimh MECS ina oifig i Liospóin agus thug sé forléargas dó ar na gnéithe d'obair laethúil an Ionchúisitheora Tarmligthe Eorpaigh lena n-áirítear na gnéithe praiticiúla a bhaineann le himscrúduithe agus le hionchúisimh a reáchtáil.

I gcomhthéacs OIPE a chomhtháthú sa timpeallacht náisiúnta ó thaobh cosaint sonraí de, chuir roinnt d'oifigí díláraithe OIPE fáilte roimh chuairteanna ó **Oifigeach Cosanta Sonraí OIPE** freisin.



Le linn 2023, ní bhfuair OIPE aon iarratais ar rochtain ná aon iarratais chun cearta ábhair sonraí eile a fheidhmiú, ní i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla ná riaracháin.



CAIDREAMH OIPE LENA CHOMHPHÁIRTITHE

Caidreamh OIPE lena chomhpháirtithe

Le linn 2023, rinne OIPE tionscnaimh éagsúla chun naisc a threisiú agus chun comhar a chothú leis na contrapháirtithe uile lena mbaineann lena n-áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, údaráis ábhartha tríú tíortha agus Ballstáit neamh-rannpháirteacha, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta, líonraí saineolaithe agus fóraim. Tá sé ríthábhachtach feasacht a mhúscailt ar fud an domhain maidir le sainordú, uirlisí agus dlínse OIPE ina bhfuil cistí an Aontais rannpháirteach chun tuairisciú na coireachta a mhéadú agus chun muinín agus comhar éifeachtach óna chomhpháirtithe a áirithiú.

CAIDREAMH LE HINSTITIÚIDÍ, LE COMHLACHTAÍ, LE HOIFIGÍ AGUS LE GNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS



Ghlac OIPE páirt i roinnt cruinnithe le **Parlaimint na hEorpa** agus le **Comhairle an Aontais Eorpaigh**.

Go háirithe, iarradh ar an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach freastal ar dhá chruinniú chomhpháirteacha den Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) agus den Choiste um Rialú Buiséadach (CONT) i bParlaimint na hEorpa i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin chun Tuarascáil Bhliantúil 2022 OIPE a chur i láthair. Ghlac sí páirt freisin i gcruinnithe le Fochoiste Pharlaimint na hEorpa um Chúrsaí Cánach i mí an Mhárta chun an comhrac i gcoinne calaois CBL a phlé agus leis an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach i mí na Bealtaine le haghaidh plé níos ginearálta maidir le conas feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na calaoise a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe ó thaobh an chaiteachais de. D'óstáil OIPE toscaireacht den Choiste um Rialú Buiséadach i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) i mí an Mheithimh, thug an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach tacaíocht ar leith do leathnú féideartha ar inniúlacht OIPE maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais, agus ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle CGB i mí na Nollag, leag sí béim ar ról OIPE maidir leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach a chomhrac. Ghlac an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach páirt freisin sa mhalartú tuairimí idirinstitiúideach bliantúil le Comhairle an Aontais Eorpaigh, leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa maidir le feidhmíocht OLAF.

Rinneadh an dara hathbhreithniú ardleibhéil bliantúil ar an gcomhar idir OIPE agus an **Coimisiún Eorpach** ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2023. Thug sé aghaidh, i measc nithe eile, ar na hábhair seo a leanas: Fógraí OIPE lena gceadaítear don Choimisiún Eorpach bearta réamhchúraim agus ceartaitheacha a dhéanamh; amhras faoi thuairiscíú calaoise ó IBOAnna; cosaint chistí Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais; agus modheolaíochtaí meastacháin damáistí.

Ar deireadh, thug OIPE a chaibidlíocht maidir le socruithe oibre le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais chun críche agus lean sé dá chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

Tháinig OIPE agus Eurojust ar chomhaontú maidir le rochtain indíreach ar fhaisnéis ina gcórais bainistithe cásanna faoi seach, ar bhonn córas 'amas a fháil/gan amas a fháil' (Airteagal 100(3) de Rialachán OIPE, Airteagal 50(5) de Rialachán Eurojust). Tháinig foirne idirchaidrimh OIPE agus Eurojust le chéile uair amháin le linn na tréimhse tuairiscithe. Faoi dheireadh na bliana, b'ann do 26 chás leanúnacha ar thacaigh Deasca Náisiúnta Eurojust leo. Tá OIPE ag leanúint de bheith rannpháirteach i "sainghrúpa SAM-AE maidir le fianaise leictreonach a fháil trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach ó na Stáit Aontaithe" ar sainghrúpa é atá á óstáil ag Eurojust.

Bhí 284 mhalartú faisnéise ag OIPE le OLAF. Go sonrach, thug OIPE freagra ar 133 iarratas amas a fháil/gan amas a fháil seolta ag OLAF chun imscrúduithe comhthreomhara ar na fíorais chéanna a sheachaint. Thairis sin, chomhlánaigh OLAF gníomhaíochtaí OIPE in 22 chás agus cuireadh tacaíocht ar fáil le haghaidh 4 chás.

Chomhoibrigh OIPE go héifeachtúil le Europol i gcúrsaí oibríochtúla éagsúla faoi choimirce Choiste Stiúrtha OIPE-Europol. Go sonrach, thug Europol tacaíocht (malartú faisnéise, tacaíocht anailíseach, saineolas etc.) maidir le 28 gcás ar iarratas ó OIPE. Tá OIPE ag obair i ndlúthchomhar leis an Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch (EFECC) agus is páirtí comhlachaithe é de na Tionscadail Anailíse (APanna) seo a leanas: AP um Ghrúpaí Coireachta Eagraithe Ardriosca, AP um Éilliú agus AP um MTIC agus tá sé ag smaoineamh ar bheith ina rannpháirtí in APanna eile leis. Trí na foirne speisialaithe laistigh dá aonad oibríochtúil í, tá taithí oibríochtúil ábhartha agus léargas ar na tionscadail sin á chur leis ag OIPE – rud a chuir lena chuid eolais agus lena chumas féin i dtaca le saineolas a sholáthar.

Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais staidreamh tuairiscithe coire[93]

IBOA	Tuairiscí choire OIPE	Inniúlacht fheidhmithe	Inniúlacht NEAMH-FHEIDHMITHE	Ar feitheamh
An Coimisiún Eorpach agus Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin (trí OLAF)	7	4	1	2
An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)	72	38	7	27
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	17	3	2	12
An Banc Eorpach Infheistíochta	9	3	2	4
Europol	3	1	neamh-bhainteach	2
Iomlán	108	49	12	47

CAIDREAMH LE BALLSTÁIT NEAMH-RANNPHÁIRTEACHA AGUS LE TÍORTHA NACH BALLSTÁIT DEN AONTAS IAD

Maidir le Ballstáit neamh-rannpháirteacha, tharla forbairtí tábhachtacha sa bhliain 2023, i.e. cuireadh tús leis an gcomhar leis an bPolainn agus le hÉirinn agus síníodh socrú oibre le hAireacht Dlí agus Cirt Ríocht na Danmhairge chun comhar a éascú.

Maidir le tíortha nach bhfuil san Aontas, dhírigh OIPE ar iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas. Thug OIPE socruithe oibre i gcrích le Biúró Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe, le Struchtúr Speisialta na hAlbáine in aghaidh an Éillithe agus le hOifig Ionchúisitheoir na Boisnia agus na Heirseagaivéine.

Tá OIPE tiomanta, trí na socruithe oibre atá sínithe aige a chur chun feidhme, do chomhar a éascú agus do shaineolas dá chuid a roinnt le húdaráis ó gach tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas[94].

Chuir Ionchúisitheoirí Eorpacha, Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus foireann na Lároifige oiliúint réigiúnach ar imscrúduithe agus ar uirlisí airgeadais OIPE ar fáil d'ionchúisitheoirí ó thíortha is iarrthóirí uile de chuid na mBalcán Thiar i mí na Samhna 2023.



PRÍOMHPHOINTÍ – TRÍ CINN DE THOSAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA OIPE LE LINN 2023

AN COMHAR LE COMHPHÁIRTITHE NA hÚCRÁINE A NEARTÚ

Mar thoradh ar thacaíocht OIPE dár gcomhghleacaithe san Úcráin, reáchtáladh cruinnithe le hOifig Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine chun an socrú oibre a síníodh in 2022 a chur chun feidhme agus chun comhpháirtíocht nua le Biúró Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe (NABU) a chur ar bun. D'fhreastail an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach ar Chomhdháil Aontaithe um an gCeartas i mí an Mhárta.

D'eagraigh OIPE dhá chúrsa oiliúna thiomnaithe freisin d'ionchúisitheoirí na hÚcráine agus d'imscrúdaitheoirí NABU ina áitreabh chun a shaineolas a roinnt agus chun uirlisí uathúla OIPE a chur i láthair maidir le himscrúduithe trasteorann a dhéanamh.

RANNCHUIDIÚ LEIS AN gCOMHRAC COMHCHOITEANN IN AGHAIDH AN ÉILLITHE

Trí chomhpháirtíochtaí nua agus trí ardú feasachta i bhformáidí idirnáisiúnta éagsúla, rannchuidigh OIPE leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe. Rinneadh comhalta de chuid Líonra Oibríochtúil Domhanda na nÚdarás Forfheidhmithe Dlí in aghaidh an Éillithe (Líonra GlobE) de OIPE tar éis dó a bheith ainmnithe i mí Dheireadh Fómhair 2022 mar údarás inniúil le haghaidh chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe[95].

Rannchuidigh OIPE le cruinnithe agus le comhdhálacha ECFE, go háirithe an cruinniú réigiúnach a reáchtáil an Líonra in aghaidh an Éillithe d'Oirthear na hEorpa agus don Áise Láir (ACN) in Astana. D'fhreastail OIPE freisin ar an gcúigiú Fóram de Chomhaontas Idirnáisiúnta na Sealgairí Éillithe (ICHA), a d'eagraigh an Banc Domhanda in Abidjan.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA A CHRUTHÚ AGUS A NEARTÚ

Bunaithe ar a riachtanais oibríochtúla agus ar threochtaí nua i gcalaois agus i sciúradh airgid, dhírigh OIPE ar fheasacht a mhúscailt maidir lena shainordú agus lena uirlisí chun tuairisciú ar choireanna agus chun comhar le comhpháirtithe nua a chothú.

D'eagraigh OIPE cruinnithe déthaobhacha lena chomhghleacaithe as Lichtinstéin, as Daon-Phoblacht na Síne, as Singeapór, as an Eilvéis, as an Ríocht Aontaithe agus as Stáit Aontaithe Mheiriceá, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.

Séanadh: léirítear sna figiúirí thíos naisc inár gcásanna laistigh de na críocha sin agus ní hionann iad agus a rá go follasach gur sheol OIPE iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach.



Ballstáit neamh-rannpháirteacha	Rannpháirtíocht i gcásanna OIPE 2023
An Danmhairg	3
An Ungáir	80
Éire	3
An Pholainn	58
An tSualainn	15
Iomlán	159

	Rannpháirtíocht i gcásanna OIPE in 2023			
	Áit na gníomhaíochta coiriúla	Áit na ndamáistí airgeadais	Áit na gníomhaíochta coiriúla agus an na ndamáistí airgeadais	Cásanna iomlána
An Ailgéir	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	4	neamhbhainteach	neamhbhainteach	4
An tSín	16	neamhbhainteach	neamhbhainteach	16
Cúrasó[96]	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
An Éigipt	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Guatamala	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Hondúras	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Hong Cong[97]	5	neamhbhainteach	neamhbhainteach	5
An Indinéis	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Iamáice	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Iordáin	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Chéinia	2	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2
An Liobáin	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Mhalaeisia	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Mháratáin	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
Oileán Mhuirís	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Mholdóiv	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
Monacó	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Montainéagró	neamhbhainteach	1	2	3
Maracó	3	neamhbhainteach	neamhbhainteach	3
An Nigéir	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Iorua	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Pórtó Ríce	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
Poblacht na Cóiré	2	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2
An Rúis	2	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2
San Mairíne	2	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2
An tSeirbia	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
Sint Maarten (críoch na hÍsiltíre)	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An tSomáil	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Eilvéis	10	neamhbhainteach	neamhbhainteach	10
Poblacht Arabach na Siria	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Téaváin[98]	1	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1
An Tansáin	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
An Túinéis	1	neamhbhainteach	1	2
An Tuirc	7	neamhbhainteach	neamhbhainteach	7
An Úcráin	2	neamhbhainteach	neamhbhainteach	2
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	4	neamhbhainteach	neamhbhainteach	4
An Ríocht Aontaithe	14	neamhbhainteach	3	17
Stáit Aontaithe Mheiriceá	5	8	neamhbhainteach	13
An tSaimbia	neamhbhainteach	neamhbhainteach	1	1
Iomlán				119

RANNPHÁIRTÍOCHT I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA (LÍONRAÍ, COISTÍ AGUS STRUCHTÚIR CHOMHCHOSÚLA, GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN AGHAIDH AN ÉILLITHE)

AN tARDÁN EORPACH ILDISCIPLÍNEACH I gCOINNE BAGAIRTÍ COIRIÚLA (EMPACT)

Tá OIPE rannpháirteach san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), agus go sonrach, sna pleananna gníomhaíochta oibríochtúla atá ábhartha do shainordú OIPE, i.e. líonraí coiriúla ardriosca, calaois trádálaí ar iarraidh laistigh den Chomhphobal (MTIC) agus calaois mháil chomh maith le hAirgeadas Coiriúil, Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní (CFMLAR).

LÍONRA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA CAMDEN UM AISGHABHÁIL SÓCMHAINNÍ (CARIN)

D'fhreastail OIPE, mar bhreathnóir, ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil CARIN ba dhéanaí a tionóladh sa Bhruiséil ón 3 go dtí an 5 Bealtaine 2023 agus béim ar leith á leagan mar chuid de ar aisghabháil sócmhainní mar chuspóir beartais. Ghlac an dá phointe teagmhála de chuid OIPE páirt i roinnt meithleacha, go háirithe maidir le hairgeadra fíorúil, aisghabháil sócmhainní iarchiontaithe agus cúiteamh íospartach. In 2023, sheol OIPE ceithre iarratas ar fhaisnéis chuig na pointí teagmhála ábhartha CARIN.

AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA NA hEORPA (FIUnna)

I mí Mheán Fómhair, tugadh cuireadh don OIPE páirt a ghlacadh i 57ú ardán Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais an Aontais, arna óstáil ag an gCoimisiún Eorpach, chun a chuid oibre a chur i láthair agus plé a dhéanamh ar bhealaí féideartha comhair idir na FIUnna agus OIPE, i réimsí an sciúradh airgid agus aisghabhála sócmhainní.

LÍONRA OIBRÍOCHTA DOMHANDA NA N-ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ IN AGHAIDH AN ÉILLITHE (LÍONRA GlobE)

Rinneadh comhalta de Líonra GlobE de OIPE agus ghlac sé páirt sa chruinniú iomlánach i mí Lúil i measc cleachtóirí forfheidhmithe dlí in aghaidh an éillithe ar féidir le OIPE comhoibriú leo ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe.

COMHPHÁIRTITHE EORPACHA IN AGHAIDH AN ÉILLITHE (EPAC) AGUS AN LÍONRA EORPACH POINTÍ TEAGMHÁLA IN AGHAIDH AN ÉILLITHE (EACN)

D'fhreastail OIPE mar bhreathnóir ar Chomhthionól Ginearálta na gComhpháirtithe Eorpacha in aghaidh an Éillithe (EPAC) agus ar líonra na bpointí teagmhála Eorpacha in aghaidh an éillithe (EACN) i mí na Samhna.

AN EAGRAÍOCHT UM CHOMHAR AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA (ECFE)

D'fhreastail OIPE mar bhreathnóir ar chruinnithe iomlánacha Mheitheal ECFE maidir le Breabaireacht in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (WGB). Thairis sin, d'fhreastail OIPE ar chruinnithe na n-oifigeach forfheidhmithe dlí (LEO) agus Líonra Domhanda na gCleachtóirí um Fhorfheidhmiú an Dlí i gcoinne na Breabaireachta Trasnáisiúnta (GLEN) i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag faoi seach.

Ghlac OIPE páirt sa 13ú cruinniú réigiúnach de Líonra Oirthear na hEorpa agus Lár na hÁise in aghaidh an Éillithe (ACN) den Líonra um Fhorfheidhmiú an Dlí (LEN) in Astana i mí Mheán Fómhair.

Ghlac OIPE páirt freisin i gcruinnithe iomlánacha Thascfhórsa ECFE um Cháin agus Coireacht (TFTC) agus sa 6ú Fóram maidir le Cáin agus Coireacht de chuid ECFE i mí na Nollag 2023.

COMHAIRLE NA hEORPA

Ghlac OIPE páirt mar bhreathnóir i gcruinnithe iomlánacha an Choiste Saineolaithe maidir le Feidhmiú na gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Comhar in Ábhair Choiriúla (PC-OC).

Bunaithe ar chúnamh frithpháirteach a chuirtear ar fáil do OIPE ina imscrúduithe ag páirtithe sa Choinbhinsiún 1959 agus sna prótacail bhreise a ghabhann leis, aithnítear OIPE mar údarás inniúil le haghaidh thromlach na n-imscrúduithe sin.

Measadh nach raibh sé indéanta ionstraim dlí cheangailteach nua a chaibidliú – rud a fuair tacaíocht ó roinnt comhaltaí – maidir le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Eorpach 1959 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla (1959) i dtaca leis an gcaidreamh le OIPE.

AN GRÉASÁN BREITHIÚNACH EORPACH (EJN)

Ainmníodh trí phointe teagmhála de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (EJN) ag OIPE mar a chinn Comhfhreagraithe Náisiúnta EJN i mí Dheireadh Fómhair 2023. Glacfaidh OIPE páirt sna chéad chruinnithe eile de chuid EJN.

ACADAMH OIPE AGUS OILIÚINT SHEACHTRACH

In 2023, sheol OIPE clár oiliúna Acadamh OIPE. I ndáil leis sin, shínigh OIPE socruithe oibre le Póilíní Airgeadais na hIodáile (Guardia di Finanza), leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN) agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL).



D'fhonn obair a dhéanamh ar imscrúduithe eacnamaíocha trasteorann atá nasctha leis an gcoireacht eagraithe go príomha, ní foláir do OIPE – ina cháil mar oifig ionchúisimh thrasnáisiúnta – tacaíocht a fháil ó imscrúdaitheoirí ardoilte agus tiomnaithe i ngach Ballstát rannpháirteach. I gcomhar leis an Guardia di Finanza go príomha, tá sé beartaithe ag OIPE cúrsaí a chur ar bun d'imscrúdaitheoirí airgeadais ag Scoil na Póilíneachta Eacnamaíche-Airgeadais de chuid Guardia di Finanza Róimh-Lido di Ostia. Cuirfear oiliúint orthu, i dtimpeallacht idirnáisiúnta, maidir le coireanna CLA agus na gnéithe ar leith a bhaineann le bheith ag obair ar imscrúduithe do OIPE.

Chuir OIPE fáilte roimh dhá chuairt staidéir EJTN ar a háitreabh – rud a thug deis do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí ó gach cearn den Eoraip tuilleadh a fhoghlaim faoi OIPE. Rinne OIPE Ionchúisitheoirí Eorpacha, Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus foireann na Lároifige a imscaradh mar oiliúnóirí i gcúrsaí oiliúna EJTN agus CEPOL. Thapaigh foireann OIPE an deis freastal ar chuid dá seisiúin oiliúna freisin.

Ar deireadh, ó thaobh na **hoiliúna seachtraí** de, chuir cuibhreannas Acadamh an Dlí Eorpaigh agus an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach 15 chúrsa oiliúna forbartha gairmiúla ar líne ar fáil do EDPanna agus do bhaill foirne oibríochtúla ar ábhair oibríochtúla éagsúla i rith na bliana.



GLUAIS, CISTÍ LENA mBAINEANN AGUS NÓTAÍ

Gluais

Mínítear thíos na téarmaí a úsáidtear sa tuarascáil seo chomh maith leis na catagóirí a úsáidtear agus staidreamh OIPE á chur i láthair – le haghaidh na Lároifige agus in aghaidh an Bhallstáit rannpháirtigh araon – an 31 Nollaig 2023.



Achomhairc i gcoinne bhreithiúnais cúirte céadchéime

Líon na n-achomharc i gcoinne bhreithiúnais cúirte céadchéime a chomhdaíodh ag OIPE in 2023.



Breithiúnais chúirte céadchéime

Líon na chéad chinntí cúirte a eisíodh i gcásanna OIPE in 2023.

CBL

Cáin bhreisluacha (CBL)

Cáin ghinearálta ar thomhaltas a chomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais. Cáin tomhaltais is ea í atá bunaithe go hiomlánaíoch ar an mbreisluach le hearraí agus le seirbhísí agus tá feidhm aici maidir le gach earra agus gach seirbhís a cheannaítear agus a dhíoltar lena n-úsáid nó lena dtomhailt san Aontas, a bheag nó a mhór. Dá bhrí sin, earraí a dhíoltar lena n-onnmhairiú nó seirbhísí a dhíoltar le custaiméirí thar lear, ní bhíonn siad faoi réir CBL de ghnáth. Os a choinne sin, gearrtar cáin ar allmhairí chun an córas a choinneáil cothrom do tháirgeoirí an Aontais ionas gur féidir leo dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna i margadh an Aontais le soláthraithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.



Calaois

Uiríoll bréagach trí ráiteas nó trí iompar a dhéantar go feasach nó go mearánta chun buntáiste ábhartha a fháil.



Calaois caiteachais neamhsholáthair

Iompar calaoiseach a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais maidir le caiteachas nach mbaineann le soláthar – amhail cabhair airgeadais nó fóirdheontais.



Calaois caiteachas soláthair

Iompar calaoiseach i leith nósanna imeachta soláthair le haghaidh tionscadail a mhaoinítear go poiblí a dhéantar den chuid is mó trí ráitis nó trí dhoiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a thaispeáint.



Calaois chaiteachais

Téarma a úsáidtear chun calaois caiteachais soláthair agus neamhsholáthair araon a shainmhíniú.



Calaois ioncaim CBL

An imghabháil mhímhacánta a dhéantar d'aon ghnó ar íocaíocht cánach breisluacha.



Calaois ioncaim neamh-CBL

Iompar calaoiseach a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le hioncam nach ioncam a eascraíonn as acmhainní CBL é. I measc na gcineálacha coitianta de sin tá smuigleáil agus úsáid dearbhuithe custaim bréagacha.



Cásanna diúltaithe

Is éard atá i gceist le cás a dhíbhe deireadh a chur le himscrúdú in aghaidh duine nuair nach féidir ionchúiseamh a dhéanamh de bhun dhlí Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh atá ina bhun mar gheall ar aon cheann de na forais dá bhforáiltear faoi Airteagal 39(1) de Rialachán OIPE.

Léiríonn an figiúr sin líon na gcásanna OIPE a diúltaíodh in 2023. Meastar gur diúltuithe páirteacha iad cásanna a dhiúltaítear ach amháin i leith cuid de na daoine a bhfuil amhras fúthu agus/nó i leith cuid de na cionta lena mbaineann, agus áirítear iad mar iarnóta sa chatagóir seo.



Cásanna leanúnacha le linn chéim an achomhairc

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha ag a raibh stádas amhail an 31 Nollaig 2023 lenar léiríodh go raibh imeachtaí achomhairc fós ar siúl.



Cásanna leanúnacha le linn chéim na trialach

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha ag a raibh stádas acu amhail an 31 Nollaig 2023 lenar léiríodh go raibh imeachtaí cúirte fós ar siúl.



Cinntí bearta a shannadh chun cabhrú le EDPanna i mBallstát rannpháirteach eile

An líon cinntí a eisíodh in 2023 maidir le bearta a shannadh chun cúnamh a thabhairt d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha ó Bhallstáit rannpháirteacha éagsúla in imscrúduithe trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán OIPE.



Cinntí críochnaitheacha cúirte

Líon na gcinntí críochnaitheacha cúirte a eisíodh i gcásanna OIPE in 2023.



Cion atá nasctha go dlúth

Cion coiriúil a bhfuil dlúthbhaint aige le hiompar coiriúil a théann i bhfeidhm ar leasanna airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371. Ba cheart coincheap na dosháraitheachta a thuiscint trí thagairt a dhéanamh do chéannacht na bhfíoras ábhartha (nó na bhfíoras atá mar an gcéanna ar an mórgóir) eadhon sraith d'imthosca nithiúla a bheith ann atá doscartha le chéile ó thaobh ama agus spáis de.



Ciontuithe

Líon na gcinntí críochnaitheacha cúirte a eisíodh i gcásanna OIPE in 2023 inar ciontaíodh amhrastach amháin ar a laghad beag beann ar líon na ndaoine faoi dhrochamhras a éigiontaíodh.



Coigistiú

Díothacht deiridh maoine ordaithe ag cúirt i ndáil le cion coiriúil.



Damáistí iomlána measta

An dochar a mheastar a dhéanfar mar thoradh ar an scéim calaoise ina hiomláine do leasanna airgeadais na mBallstát lena mbaineann agus do leasanna airgeadais an Aontais araon gan ús ná pionóis a áireamh.



Díotálacha

Líon na gcúiseamh foirmiúil ar dhaoine (idir dhaoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha) a eisíodh mar chuid de chásanna OIPE in 2023 agus trína dtugtar na hamhrastaigh faoi seach chun breithiúnais.

PC

Dlísheomraí Buana

Is ionann na Dlísheomraí Buana agus inneall oibríochtúil OIPE agus cuirtear ar fáil leo sraith láidir bhreise iad chun neamhspleáchas imscrúduithe OIPE a ráthú. Déantar faireachán iontu ar na gníomhaíochtaí a rinneadh le linn imscrúdú ar leith agus glactar cinntí iontu maidir leis na príomhchéimeanna uile – amhail cás a ionchúiseamh nó a dhíbhe, nó nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm. Tá gach Dlísheomra Buan (15 san iomlán) comhdhéanta de thriúr Ionchúisitheoirí Eorpacha atá ina gcomhaltaí buana agus a dhéanann maoirseacht ar na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha uile. Chun measúnú neamhspleách ar an gcás a áirithiú, ní thagann aon duine de chomhaltaí buana an Dlísheomra Bhuain ó thír thionscnaimh na tuairisce.



Dochar do leasanna airgeadais an Aontais

Dochar d'ioncam, do chaiteachas agus do shócmhainní a chumhdaítear le buiséad an Aontais agus le buiséid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí curtha ar bun faoi na Conarthaí, nó a fhaightear trí bhuiséad an Aontais nó atá dlite dóibh, agus buiséid a ndéanann siad bainistiú agus faireachán orthu.

Eagraíocht choiriúil CLA atá dírithe ar choireacht

Comhlachas struchtúrtha a bhunaítear thar thréimhse ama ina mbíonn níos mó ná beirt ag gníomhú de chomhbheart d'fhonn cionta a dhéanamh chun sochar airgeadais nó sochar ábhartha eile a fháil ar bhealach díreach nó indíreach agus ag a mbíonn drochthionchar ar leasanna airgeadais an Aontais.

Éigiontuithe

Is éard is éigiontú ann cinneadh ó chúirt nach bhfuil cosantóir atá cúisithe i gcoir ciontach. Léiríonn líon na n-éigiontuithe a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo líon na gcinntí críochnaitheacha cúirte a eisíodh i gcásanna OIPE in 2023 inar éigiontaíodh na hamhrastaigh go léir.

Éilliú

Mí-úsáid a bhaint as cumhacht a cuireadh ar iontaoibh ar mhaithe le sochar príobháideach.

Ex officio

Cás a oscailt go neamhspleách, i.e. neamhspleách ar ionchur seachtrach, ar thuairisc nó ar iarraidh.

Gach imscrúdú gníomhach & damáistí iomlána measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt an 31 Nollaig 2023 agus na damáistí comhfhreagracha measta a théann leo do leasanna airgeadais an Aontais.

Imscrúduithe a osclaíodh & damáistí measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a osclaíodh in 2023 agus na damáistí comhfhreagracha measta do leasanna airgeadais an Aontais.

Imscrúduithe calaoise gníomhacha miondealaithe de réir cláir

Bhí líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhaineann le cistí an Aontais agus a bhí ar oscailt an 31 Nollaig 2023 ina raibh ar a laghad cion calaoise caiteachais amháin – nó cion gaolmhar (éilliú, sciúradh airgid, míleithreasú, calaois ioncaim neamh-CBL, rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil dírithe ar choireacht CLA, cion atá nasctha go dlúth) – á imscrúdú agus tá siad miondealaithe de réir clár cistiúcháin.

Is **"cásanna amhrais"** iad imscrúduithe nach bhfuil foinse an mhaoinithe cruthaithe ná sainaitheanta iontu go fóill. Leanann liosta iomlán de na cláir chistiúcháin a bhain le himscrúduithe gníomhacha OIPE in 2023 an ghluais seo.

Imscrúduithe gníomhacha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt an 31 Nollaig 2023 a bhaineann le dhá thír ar a laghad (mar áit a ndearnadh an ghníomhaíocht choiriúil, nó mar áit a ndearnadh na damáistí airgeadais, nó an dá cheann díobh sin).

Imscrúduithe gníomhacha calaoise CBL & damáistí iomlána measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt an 31 Nollaig 2023 ina raibh cion calaoise ioncaim CBL amháin ar a laghad faoi imscrúdú mar aon leis na damáistí comhfhreagracha measta do leasanna airgeadais an Aontais a théann leo.

Imscrúduithe trasteorann

Imscrúduithe a bhfuil baint ag dhá Bhallstát rannpháirteacha nó níos mó ná sin leo, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán OIPE.

Leigheasanna urghnácha dlí i gcoinne breithiúnais ón gcúirt

An líon leigheasanna dlíthiúla atá ar fáil faoi choinníollacha eisceachtúla agus a úsáideadh in 2023 i gcoinne cinntí críochnaitheacha ón gcúirt, más ann dóibh.



Míleithreasú

Gníomhaíocht oifigigh phoiblí, a gcuirtear de chúram orthu cistí nó sócmhainní a bhainistiú go díreach nó go hindíreach, cistí nó sócmhainní a ghealladh nó a eisíoc ar bhealach ar bith, nó sócmhainní a leithreasú nó a úsáid in aghaidh na críche dár beartaíodh iad, a mbíonn dochar do leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh air.



Nósanna imeachta simplithe ionchúisimh

An líon cinntí a eisíodh chun nósanna imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm i gcásanna OIPE in 2023. Cinntí chun nósanna imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm maidir le duine de na hamhrastaigh agus/nó cuid de na cionta, agus iad sin amháin, meastar gur cinntí páirteacha iad agus áirítear iad mar iarnóta faoin gcatagóir seo.

Is modh é nós imeachta ionchúisimh simplithe a úsáidtear chun imscrúdú OIPE a fhoirceannadh. Ar leibhéal an dlí náisiúnta, féadfar a thabhairt air sin margadh pléadála, margáil phléadála, comhaontú pléadála, pléadáil chaibidlithe nó margadh pianbhreithe. Baineann téarmaíocht den sórt sin i gcoitinne le nós imeachta nach bhfuil chomh foirmiúil sin ina bhféadfadh an cosantóir aontú le pléadáil ciontach mar mhalairt ar chúisimh eile a chur ar ceal ag an ionchúiseamh nó comhaontú le triail achomair.



Orduithe calctha bronnta

Is féidir "reo" a shainmhíniú mar "thoirmeasc sealadach ar aistriú, ar scriosadh, ar thiontú, ar dhiúscairt nó ar ghluaiseacht maoine, nó coimeád nó rialú a ghlacadh go sealadach ar mhaoin".

Is ionann an figiúr sin agus luach na sócmhainní a calcadh nó a gabhadh mar thoradh ar imscrúduithe OIPE in 2023 de réir mar a bhronn na cúirteanna nó na breithiúna inniúla, más infheidhme, orduithe ina leith sin nó de réir orduithe eisithe ag an Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach.



Sásra 'amas a fháil/gan amas a fháil'

Córas lena gcuirtear ar a gcumas do chontrapháirtithe rochtain indíreach a bheith acu ar chórais bainistithe cásanna a chéile agus na meaitseanna ábhartha á gcur in iúl go cómhalartach.



Sciúradh airgid

An próiseas chun bunús an airgid a fuarthas go neamhdhleathach agus é a dhlisteanú a cheilt trína chur ar aghaidh trí shraith chasta d'aistrithe baincéireachta nó d'idirbhearta tráchtála.



Tarchurtha chuig údaráis náisiúnta

Líon na gcásanna OIPE a tarchuireadh chuig na húdaráis náisiúnta in 2023. Cásanna nach gcuirtear ar aghaidh chuig údaráis náisiúnta ach i leith duine de na hamhrastaigh agus/nó cuid de na cionta, meastar gur atreoruithe páirteacha iad agus áirítear iad mar iarnóta sa chatagóir seo.



Típeolaíochtaí sainaitheanta i gcásanna gníomhacha OIPE

Na cineálacha cionta a imscrúdaítear i gcásanna OIPE a bhí oscailte amhail an 31 Nollaig 2023 agus miondealaithe de réir cineál, lín (agus céatadáin neasaithe go dtí dhá ionad dheachúla). Tabhair faoi deara go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar roinnt cineálacha cionta mar chuid d'imscrúdú amháin.



Trádálaithe ar iarraidh

Cuideachtaí caocha a bunaíodh chun íocaíocht CBL a sheachaint agus chun na críche sin amháin.



Tuairiscí/gearáin a fuarthas

Líon na dtuairiscí coire OIPE a fuarthas ó údaráis náisiúnta, ó IBOAnna agus ó pháirtithe príobháideacha in 2023; tá cásanna féintionscnaimh OIPE (*ex officio*) san áireamh leis an gcatagóir seo freisin.

Cistí dá ndéantar difear in imscrúduithe gníomhacha OIPE, 2023

Cláir Forbartha Talmhaíochta agus Thuaithe	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) (2014-2022)
	An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (2014-2022)
	An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) (2021-2027)
Cláir Mhuirí agus Iascaigh	An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) (2021-2027)
	An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) (2014-2020)
Cláir Chomhair Idirnáisiúnta	An Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI)
	An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – Eoraip Dhomhanda (NDICI – Eoraip Dhomhanda) (2021-2027)
	An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) (2021–2027)
	Cúnamh Réamhaontachais (IPA III) (2021-2027)
	An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta – Ceannteidil 3 agus 4 (2014-2020)
	An Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (DCI) (2014-2020)
	Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhar le tríú tíortha (2014-2020)
	Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) (2014-2020)
	An Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) (2014-2020)
	Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (2014-2020)
Cláir Forbartha Réigiúnaí agus Uirbí	Beartas Réigiúnach (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe) (2021-2027)
	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) treisithe ag REACT-EU agus maoinithe ag Next Generation EU (2014-2020)
	An Ciste Comhtháthaithe (CC) (2014-2020)
	Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) (2014-2020)
	Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IEC) (2014-2020)

Cláir Oideachais agus Cultúir	Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt (Erasmus+) (2014-2020)
	Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt (Erasmus+) (2021-2027)
Cláir Thaighde agus Nuálaíochta	An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020) (2014-2020)
	Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)
Cláir Fostaíochta, Chomhtháthaithe Shóisialta, Chuimsithe agus Luachanna	Ciste Sóisialta na hEorpa (lena n-áirítear an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí agus an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta) (2021-2027)
	Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) (2014-2020)
	An Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht (2014-2020)
	An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) (2014-2020)
	Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) (2014-2020)
Cláir Aeráide agus Chomhshaoil	Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) (2014-2020)
	Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) (2021-2027)
Cláir Théarnaimh agus Athléimneachta	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) (2021-2027)
Cláir um Shoghluaisteacht agus um Iompar, Cláir um Fhuinneamh agus um an Digitiú	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) (seachas clár teileachumarsáide SCE) (2014-2020)
	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) (2021-2027)
Cláir um Thearmann, um Imirce agus um Lánpháirtíocht	An Ciste um Thearmann, um Imirce agus um Lánpháirtíocht (AMIF) (2014-2020)
Cláir um Thionsclaíocht, um Fhiontraíocht agus um FBManna	An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) (2014-2020)
	An Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) (2014-2020)
Cláir um Shlándáil agus um Chosaint	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) (2014-2020)
	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) (2021-2027)
Cláir eile	Clár Frithchalaoise an Aontais (OLAF) (2021-2027)
	Réitigh idir-inoibritheachta agus creataí comhchoiteanna d'údaráis riaracháin phoiblí, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh na hEorpa (ISA2) (2014-2020)
	Cistí Ghrúpa BEI (BEI/CEI)
	Caiteachas riaracháin IBOAnna (2014-2020)
	Caiteachas riaracháin IBOAnna (2021-2027)
	Eile

Nótaí

1 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj>.
2 Europol, 'European Financial and Economic Crime Threat Assessment 2023', 2023 <https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/GA_Meas%C3%BAn%C3%BA%20an%20Aontais%20Eorpaigh%20ar%20Bhagairt%20na%20Coireachta%20Airgeadais%20agus%20Eacnama%C3%ADche%20%E2%80%93%20Achoimre%20Feidhmi%C3%BAch%C3%A1in.pdf>.
3 Tharla roinnt damáiste i mBallstát/i mBallstáit eile (imscrúduithe calaoise ioncaim CBL).
4 Tharla roinnt damáiste i mBallstát/i mBallstáit eile.
5 Braitheann difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna hiarratais foriomlána amach agus isteach ar bhearta cúnaimh ar an gcaoi a dtugtar cuntas iontu sin ar an leibhéal náisiúnta.
6 Bhí 12 dhíbhe pháirteacha i gceist le 8 gcás sa bhreis.
7 Cuireadh 10 gcás faoi bhráid na n-údarás náisiúnta go páirteach.
8 Rinneadh cás amháin a dhíbhe le breith chríochnaitheach ón gcúirt.
9 Tabhair faoi deara go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar roinnt cineálacha agus tarluithe éagsúla cionta mar chuid d'imscrúdú amháin, cuir i gcás, d'fhéadfaí go gcuirfí i leith roinnt daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad an cion céanna nó go ndearna siad an cineál céanna ciona arís agus arís eile.
10 Is féidir an neamhréireacht idir líon na n-imscrúduithe gníomhacha agus na n-imscrúduithe gníomhacha a osclaíodh in 2023 a mhíniú le roinnt cumasc idir imscrúduithe a tionscnaíodh.
11 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
12 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
13 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
14 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
15 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
16 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
17 I gcás amháin sa bhreis, tharla 2 dhíbhe pháirteacha.
18 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
19 Rinneadh cás breise amháin a dhiúltú go páirteach.
20 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
21 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
22 Rinneadh cás amháin a dhíbhe le breith chríochnaitheach ón gcúirt.
23 Rinneadh cás breise amháin a dhiúltú go páirteach.
24 Cuireadh 2 chás faoi bhráid na n-údarás náisiúnta go páirteach
25 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
26 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
27 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
28 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
29 Rinneadh cás breise amháin a dhiúltú go páirteach.
30 Rinneadh tuarascáil amháin a athshannadh do EDP ó Bhallstát eile.
31 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
32 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
33 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
34 Diúltaíodh do 13 achomharc a taisceadh i gcoinne orduithe calctha a bronnadh in 2022 agus réitíodh iad in 2023 i bhfabhar sheasamh OIPE.
35 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
36 Rinneadh dhá chás bhreise a dhíbhe go páirteach.
37 Cuireadh 6 chás faoi bhráid na n-údarás náisiúnta go páirteach.
38 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
39 Níor ghlac an t-údarás náisiúnta (Oifig an Ionchúisitheora Speisialta) le dhá chás a thógáil ar láimh.
40 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
41 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
42 In 2 chás bhreise, tharla 5 dhíbhe pháirteacha.
43 Baineann an líon seo le gearáin a fuarthas agus a cláraíodh amháin.
44 OIPE, "An Liotuáin: Six convicted of €580 000 EU funding fraud related to Covid-19 protective material" (Preaseisiúint, 21 Samhain 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/lithuania-six-convicted-eu580-000-eu-funding-fraud-related-covid-19-protective-material>.
45 OIPE, "An tSeicia: Three charged in investigation into public contract at the National History Museum in Olomouc" (Preaseisiúint, 16 Meitheamh 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/czechia-three-charged-investigation-public-contract-national-history-museum-olomouc>.
46 OIPE, "An Spáinn: EPPO raids criminal organisation reaching to Latin America in probe into €25 million VAT fraud" (Preaseisiúint, 24 Samhain 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/spain-eppo-raids-criminal-organisation-reaching-latin-america-probe-eu25-million-vat-fraud>.
47 OIPE, "An Ghearmáin: Three convicted of import smuggling of luxury cars and organised tax evasion" (Preaseisiúint, 15 Meán Fómhair 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/germany-three-convicted-import-smuggling-luxury-cars-and-organised-tax-evasion>.
48 OIPE, "An Iodáil: 56 people and two companies indicted for criminal association aimed at systemic agricultural funding fraud and corruption" <https://www.eppo.europa.eu/en/news/italy-56-people-and-two-companies-indicted-criminal-association-aimed-systemic-agricultural>.
49 OIPE, "Embezzlement of EU funds by public school principal in Italy – pupils deprived of school lunches and computers" (Preaseisiúint, 21 Aibreán 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/embezzlement-eu-funds-public-school-principal-italy-pupils-deprived-school-lunches-and>.
50 OIPE, "First indictment in Investigation Admiral: 12 suspects and 15 companies charged with massive VAT fraud" (Preaseisiúint, 6 Nollaig 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/first-indictment-investigation-admiral-12-suspects-and-15-companies-charged-massive-vat-fraud>.
51 OIPE, "An Rómáin: Three detained for fraud involving medical and IT research, €8.5 million seized" (Preaseisiúint, 4 Iúil 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/romania-three-detained-fraud-involving-medical-and-it-research-eu85-million-seized>.
52 Ba cheart gníomhaíochtaí OIPE a fheidhmiú i gcomhréir go hiomlán le hAirteagal 50 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh lena n-áirithítear, lena gcosnaítear an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna (*ne bis in idem*) nach mbeidh aon chur i mbaol dúbailte ann mar thoradh ar na hionchúisimh tugtha ag OIPE.


53 OIPE, "An Chróit: Business owner convicted for forgery and subsidy fraud" (Preaseisiúint, 18 Iúil 2023) <https://www.eppo.europa.eu/en/news/croatia-business-owner-convicted-forgery-and-subsidy-fraud>.
54 Foilsítear Cinntí an Choláiste ar shuíomh gréasáin OIPE.
55 Cinneadh 013/2023 ón gColáiste an 1 Márta 2023 maidir le glacadh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") Straitéis Frithchalaoise 2023-2025.
56 Cinneadh 047/2023 ón gColáiste an 5 Iúil 2023 maidir le beartas Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh a chosc.
57 Cinneadh 048/2023 ón gColáiste an 5 Iúil 2023 lena leagtar síos na rialacha is infheidhme i nós imeachta foirmiúil maidir le ciapadh a bhfuil Comhaltaí an Choláiste nó Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha páirteach ann.
58 Foilsítear na socruithe oibre lena mbaineann ar shuíomh gréasáin OIPE.
59 Foilsítear na socruithe oibre lena mbaineann ar shuíomh gréasáin OIPE.
60 Foilsítear na socruithe oibre lena mbaineann ar shuíomh gréasáin OIPE.
61 Cinneadh 023/2023 ón gColáiste an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh 002/2021 ó Choláiste OIPE an 13 Eanáir 2021 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.
62 Cinneadh 037/2023 ón gColáiste an 7 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 009/2020 ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 28 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.
63 Cinneadh 007/2023 ón gColáiste an 22 Feabhra 2023 lena leasaítear agus lena bhforlíontar Cinneadh 001/2020 ón gColáiste an 29 Meán Fómhair 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le coinníollacha fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, a leasaítear agus a fhorlíontar le Cinntí 017/2021 agus 103/2021 ón gColáiste.
64 Cinneadh 014/2023 ón gColáiste an 1 Márta 2023 lena nglactar an sreabhadh oibre maidir le cásanna OIPE a osclaíodh ag Eurojust, a bhfuil baint aige le Ballstáit neamh-rannpháirteacha agus/nó le tríú tíortha, ar iarratas ón Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach atá á iomramháil.
65 Cinneadh 063/2023 ón gColáiste an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le glacadh an nós imeachta chun tuairiscí coire a phróiseáil curtha faoi bhráid OIPE ag páirtithe príobháideacha.
66 Cinneadh 044/2023 ón gColáiste an 28 Meitheamh 2023 lena gceaptar An tUas. Petr Klement mar Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach.
67 Cinneadh 053/2023 ón gColáiste an 12 Iúil 2023 maidir le tréimhse shainordaithe an Leas-Phríomh-Ionchúisitheora Eorpaigh a athnuachan.
68 Foilsítear na Cinntí Ceapacháin seo ar shuíomh gréasáin OIPE.
69 Cinneadh 065/2023 ón gColáiste an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena mbunaítear an Bord Stiúrtha Digiteach.
70 Cinneadh 004/2023 ón gColáiste an 30 Eanáir 2023 maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") dréachtmheastacháin shealadacha ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain 2024.
71 Cinneadh 003/2023 ón gColáiste an 30 Eanáir maidir le glacadh réamhdhréacht de Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don tréimhse 2024-2026.
72 Cinneadh 043/2023 ón gColáiste an 21 Meitheamh 2023 maidir le measúnú a dhéanamh ar Thuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil 2022 ar Ghníomhaíochtaí ó oifigeach údarúcháin Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus maidir le glacadh na Tuarascála sin.
73 Cinneadh 011/2023 ón gColáiste an 1 Márta 2023 maidir le glacadh Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don tréimhse 2022-2024.
74 Cinneadh 012/2023 ón gColáiste an 1 Márta 2023 maidir le glacadh Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don tréimhse 2023-2025.
75 Áirítear leis sin cinneadh amháin chun cás a ionchúiseamh go páirteach.
76 Áirítear leis sin ceithre chinneadh maidir le nós imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm go páirteach.
77 Áirítear leis sin 13 chinneadh chun cás a dhíbhe go páirteach.
78 Ní cion coiriúil a bhfuil OIPE inniúil ina leith atá sna fíorais atá faoi réir imscrúdaithe.
79 Áirítear leis sin naoi gcinneadh chun cás a tharchur go páirteach.
80 Níl na coinníollacha sonracha maidir le feidhmiú inniúlacht OIPE atá leagtha síos á gcomhlíonadh a thuilleadh.
81 Treoirlínte ginearálta lena gceadaítear do na Dlísheomraí Buana cás a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le cionta ba chúis le damáistí ar lú ná EUR 100 000 iad do leasanna airgeadais an Aontais, nó ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis le damáistí den mhéid sin.
82 Is do thuarascálacha cláraithe agus fíoraithe a thagraíonn na figiúirí seo.
83 Ní áirítear leis an miondealú seo de réir Ballstáit agus de réir tíortha nach de chuid an Aontais iad 250 tuarascáil atriallacha a fuair OIPE, mar aon le ceisteanna a fuarthas ón bpobal.
84 I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus leis an gceart atá ag daoine aonair rochtain a fháil ar dhoiciméid, tá ceart rochtana ar dhoiciméid táirgthe ag nó i seilbh OIPE ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a chónaíonn i mBallstát nó a bhfuil oifig chláraithe acu i mBallstát, faoi réir prionsabal, coinníollacha agus teorainneacha ar leith. Ní fhéadfar rochtain a dhiúltú ach amháin i gcúinsí sonracha eisceachtúla. Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 do rialacha ginearálta maidir le rochtain ar dhoiciméid. Ghlac Coláiste OIPE rialacha cur chun feidhme maidir le rochtain ar dhoiciméid OIPE ar an 21 Deireadh Fómhair 2020 (Cinneadh 008/2020 ón gColáiste). I gcomhréir le hAirteagal 109(1) de Rialachán OIPE, níl feidhm ag an gceart rochtana sin ar dhoiciméid maidir le doiciméid atá mar chuid de cháschomhaid OIPE.
85 G. K. agus eile (OIPE).
86 Juzgado Central de Instrucción No 6 de Madrid (an Spáinn).
87 PU v OIPE.
88 Giuffrida v OIPE.
89 Kaili v an Pharlaimint agus OIPE.
90 Stan v OIPE. An 15 Nollaig 2023, ghlac an Chúirt Ghinearálta a hOrdú sa chás seo. Dá bhrí sin, glacadh leis an eisceacht maidir le neamh-inghlacthacht a thíolaic OIPE agus diúltaíodh an chaingean in aghaidh OIPE.
91 Mincu Pătrașcu Brâncuși v OIPE.
92 Thug CBAE a bhreithiúnas sa chás seo an 21 Nollaig 2023. Tá an rialú i gcomhréir le léirmhíniú OIPE ar Airteagal 31 de Rialachán OIPE.
93 Is liosta é seo de IBOAnna a chuir tuairiscí faoinár mbráid in 2023. Mura liostaítear aon IBOA anseo, is amhlaidh nár chuir siad tuairisc faoinár mbráid in 2023.
94 Ach amháin an tSeirbia agus An Tuirc, go dtí seo.
95 Ainmníodh OIPE mar údarás inniúil do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC & 31 Deireadh Fómhair 2003) agus do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (UNTOC, 15 Samhain 2000) i mí Dheireadh Fómhair 2022.
96 Tír fhéinrialaitheach laistigh de Ríocht na hAithiltíre.
97 Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, Daon-Phoblacht na Síne
98 Tá an t-ainmniú seo gan dochar do bheartas "na hAon Síne amháin" de chuid na mBallstát rannpháirteach agus an Aontais Eorpaigh.

EPPO

OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH


LÁROIFIG LUCSAMBURG


AN AITHIN


BEIRLÍN


AN BHRATASLÁIV


AN BHRUISÉIL


BOLOGNA


BÚCAIRIST


BRNO


ČESKÉ BUDĚJOVICE


CLUJ-NAPOCA


COLOGNE


FRANKFURT



GRAZ


HAMBURG


HEILSINCÍ


IAȘI


LIBEREC


LIOSPÓIN


LIÚIBLEÁNA


LUCSAMBURG


MAIDRID


MILANO


MÜNCHEN


NAPOLI


NICOSIA


OSTRAVA


PALERMO



PÁRAS


PORTO


PRÁG


RÍGE


AN RÓIMH


ROTTERDAM


SÓIFIA


TAILLINN


TIMIȘOARA


TORINO


VAILEITE


AN VEINÉIS


VÍN


VILNIAS


SÁGRAB


ZLÍN



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

KU-AA-24-001-GA-N
ISBN 978-92-95230-71-2